NSAI

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009



# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| **RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH** | **1** |
| Forbhreathnú | 1 |
| Feidhmíocht ghnó an NSAI | 1 |
| Bord na Stiúrthóirí | 2 |
| Dearcadh | 2 |
| Le meas ar | 3 |
| **TUARASCÁIL AN POF** | **4** |
| Cúnamh dírithe ar gheilleagar na hÉireann | 4 |
| Feidhmíocht agus athchóiriú airgeadais rathúil | 5 |
| Ar aghaidh le céimeanna dóchasacha | 6 |
| **AG CRUTHÚ INFREASTRUCHTÚR MARGAIDH OSCAILTE** | **7** |
| Ag giniúint na trádála is fearr agus na buntáistí tomhaltóra is fearr | 8 |
| Ag tacú le agus ag forlíonadh rialúcháin | 8 |
| Muinín tomhaltóra a chur chun cinn i dtomhais trádála | 9 |
| **An NSAI ag gníomhú** Faisnéis mhaith d'Éirinn cpt leis an earnáil chalabraithe | 10 |
| **AG CUR FEABHAIS AR FHEIDHMIÚ GHNÓ IN HÉIIREANN** | **11** |
| Ag feabhsú feidhmíochta gnó chun na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a chomhlíonadh | 12 |
| Ag leathnú earnálacha gnó sainiúla | 12 |
| Ag méadú éifeachtúlachta seachadta seirbhíse sa tseirbhís phoiblí | 13 |
| **An NSAI ag gníomhú** Freagra SWiFT ar thionscal na hÉireann | 14 |
| **AG COTHÚ GEILLEAGAIR NUÁLAÍOCH AGUS FAISNÉISE** | **15** |
| Ag éascú an glacadh de theicneolaíochtaí nua arna bhforbairt in Éirinn | 15 |
| Ag cur feabhais ar suim sna gairmeacha eolaíochta agus teicneolaíochta | 16 |
| Ag tabhairt tacaíochta d'earnálacha teicneolaíochta agus nuálaíochta atá ag teacht chun cinn | 16 |
| **An NSAI ag gníomhú** Le forbairt chaighdeáin tugtar neart do ghnóthas Corcaí | 17 |
| **AG TABHAIRT TACAÍOCHTAD'INBHUANAITHEACHT** | **18** |
| Ag laghdú lorg carbóin i bhfoirgnimh | 19 |
| Ag cabhrú le tionscal Éireannach úsáid fuinnimh agus ábhair a bhainistiú | 19 |
| **NSAI ag gníomhú** Is úsáid mhaith fuinnimh é an comhoibriú | 20 |
| **RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH** | **21** |
| **RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2009** | **28** |



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
## ANN RIORDAN

Le hathruithe móra ag tarlú sa gheilleagar domhanda le linn 2009 bhí dúshláin nár fhacthas riamh os comhair na tíre, lena n-áirítear brú dian ar airgeadas poiblí, géarchéim bhaincéireachta, laghdú suntasach ar éileamh intíre, iomaíochas idirnáisiúnta mór agus ardú i luach an euro i gcoinne ár margaí ollmhaire tábhachtacha. Ní raibh dálaí dá leithéid riamh in Éirinn roimhe seo, agus bhféidir gurb é ár dúshlán is mó ná a bheith réidh le leas a bhaint as an gcor chun feabhais nuair a tharlaíonn sé.

### FEIDHMÍOCHT GHNÓ AN NSAI

Ós rud é go bhfuil an NSAI mar ionad barr feabhais neamhspleách na tíre le haghaidh forbairt chaighdeáin, deimhniúchán agus méadreolaíocht, bhí páirt thábhachtach aige maidir le tacaíocht a thabhairt d'infreastruchtúr fiontair na hÉireann trí shuaiteacht na bliana 2009. Go háirithe, chuireamar béim ar uirlisí gearrthéarmacha a sholáthar chun díriú ar riachtanais phráinneacha de ghnó Éireannach, chomh maith le feabhas a chur ar ár gcreat infrastruchtúir níos fadtéarmaí chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha na Éireann.

Is éacht mhór é gur choimeád an tÚdarás leibhéal ioncaim de €17.5 milliún i bhfianaise an cúlú eacnamaíochta domhanda.

Ba í 2009 an chéad bhliain den chur i bhfeidhm de straitéis trí bhliana an NSAI do 2009-2011, a seoladh i mí Eanáir 2009, leis an aidhm thábhachtach de athdhíriú seirbhísí an NSAI chun riachtanais ghnó agus sochaí na hÉireann a chomhlíonadh. Chuir an tÚdarás tús le roinnt tionscnamh tábhachtach agus chuir sé iad chun cinn le linn na bliana, agus mar sin rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh ár gcuspóirí de.

Chomh maith leis an straitéis nua, d'éirigh go maith leis an dara bliain de phlean cumarsáide an NSAI. Tá an clár seo ag freastal ar fheidhmeanna éagsúla an NSAI faoi bhranda aontaithe amháin agus chun feasacht an phobail a mhéadú ar NSAI mar phríomhfhoinse de sheirbhísí d'fhiontar agus don sochaí.

Le linn na bliana cuireadh i gcrích an comhaontú le hionadaithe na gceardchumann, maidir le haistriú an Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta (NML) go dtí an NSAI, mar sin ag cur i gcrích an t-aistriú d'áis agus foireann an NML ó Fiontraíocht Éireann go dtí an NSAI de réir forálacha an Achta um Fhorbairt Tionsclaíoch (Fiontar Éireann), 1988.

Go háirithe, bhí mé an-sásta gur chuir an NSAI tús le hobair le linn na bliana le hInstitiúid na Stiúrthóirí i dtreo cód cleachtais nua maidir le measúnú ar rialachas corparáideach in Éirinn. Nuair a chuirfear i gcrích é in 2010, cabhróidh an cód nua seo le feabhas a chur ar fheidhmíocht rialachais corparáidigh na earnála poiblí agus príobháidí Éireannacha, agus i ndiaidh roinnt tráchtaireachta diúltaí ón bpreasa idirnáisiúnta, beidh sé tábhachtach chun muinín i struchtúir rialachas na hÉireann a athbhunú.

## BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá Bord na Stiúrthóirí NSAI i gcónaí ar an eolas faoin ngá leis an teacht isteach is mó ar infheistíocht na gcistí poiblí a chinntiú. Táimid tiomanta do na caighdeáin is airde um rialachas corparáideach, agus dó a chinntiú go mbíonn an prionsabal de luach ar airgead i bhfeidhm ar fud gach gníomhaíochta an Údaráis.  Dá réir sin, cinntíonn an Bord agus an fhoireann bhainistíochta go gcomhlíonaimis ár ndualgais le tiomantas iomlán dár bhfreagrachtaí mar ghníomhaireacht reachtúil, agus go bhfuil ár socruithe rialachais láidre ar cóimhéid lenár stádas mar an gcomhlacht caighdeáin náisiúnta d'Éirinn.

## DEARCADH

Gan amhras beidh tuilleadh dúshlán i ndán don NSAI le linn 2010 maidir le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh de thrí bhliana. Ach, sa straitéis áfach, foráiltear béim láidir ar an NSAI de réir mar a ullmhaímid feabhas a chur ar infreastruchtúr na gcaighdeán agus deimhniúchán tri mheascán de ghníomhaíochtaí lena ngintear táillí agus lena dtugtar tacaíocht do mhaitheas an phobail. San áireamh sna hiarrachtaí seo beidh:

- feabhas a chur ar leibhéal na fíoraitheoirí údaraithe d'Alt 12 a cuireadh tús leis in 2007;
- gníomhaíochtaí a chomhtháthú leis na straitéisí de ghníomhaireachtaí forbartha chun monaróirí móra d'fheistí leighis a tharraingt isteach agus chun Éire a bhunú mar an ionad barr fheabhais domhanda d'fheistí leighis;
- an tionscnamh SWiFT a fhorbairt mar ionstraim thábhachtach chun riachtanais láithreacha ghnó a chomhlíonadh;
- leanúint leis an gcuspóir de os cionn 150 rannpháirtí gníomhach i sainghrúpaí um chaighdeáin idirnáisiúnta in 2010 agus chun cabhrú le cuideachtaí teicneolaíochta maidir le comhairleoireacht, taighde agus iniúchadh oilteachta i dtomhas cruinn.


## LE MEAS AR

Ar son NSAI, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl don Aire Fiontair agus Tráchtála Billy Kelleher T.D., agus a oifigigh ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuálaíochta dá dtacaíocht leanúnach i rith na bliana.

Mar an gCathaoirleach ba mhaith liom chomh maith mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhaltaí ar an mBord dá dtacaíocht agus tiomantas luachmhar le linn na bliana, agus ba mhaith liom ómós a thabhairt go háirithe don Uasal Niall Fitzsimons, a fuair bás, i mí na Nollag. Táim buíoch freisin as an tiomantas luachmhar den Uasal Brian Cunningham agus an Dochtúir Sean McCarthy a chuaigh ar scor i mí Aibreáin, agus cuirim fáilte roimh ceapadh an Uasal Richard Hadfield agus an tUasal Kieran Ryan agus roimh an athcheapadh den Uasal Des O'Loughlin ar an mBord.

Bhí páirt thábhachtach ag coistí comhairliúcháin maidir le comhairle a thabhairt don NSAI faoina gclár oibre 2009. Bhí páirt thábhachtach ag na coistí seo maidir le rannpháirtíocht an tionscail a éascú faoi obair caighdeánaithe agus faoi fheasacht phoiblí de raon agus tábhacht na gcaighdeán a leathnú. Mar sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na heagraíochtaí, baillna gcoistí agus na saineolaithe tionscail dá dtionchar suntasach ar an obair seo le linn na bliana.

Le linn 2009, d'fhreagair foireann NSAI na dúshláin a tháinig chun cinn le tiomantas agus gairmiúlacht lenar cinntíodh an seachadadh leanúnach de sheirbhísí d'ardchaighdeán agus cothabháil muinín gnó i seirbhísí an NSAI. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann NSAI dá n-iarrachtaí leanúnacha go léir agus a théimis ar aghaidh in 2010.



**Ann Riordan**
Cathaoirleach



# TUARASCÁIL AN POF
## MAURICE BUCKLEY

Agus trian den bhealach trí straitéis an NSAI *Enabling Enterprise Excellence* tá áthas orm a thuairisciú go ndearnadh an tÚdarás dul chun cinn láidir maidir lenár gcuspóirí agus spriocanna dúshlánacha a bhaint amach.

Le linn 2009, bhí ár seirbhísí fíorthábhachtach d'iarrachtaí eacnamaíocha na hÉireann maidir leis an dul i ngleic le dálaí eacnamaíocha dúshlánacha atá romhainn mar tír. Cuireadh tús lenár bhfreagra ar na deacrachtaí a bhí roimh tionscal na hÉireann ag tús na bliana, agus a bhí méid iomlán an cor chun donais le feiceáil.

## CÚNAMH DÍRITHE AR GHEILLEAGAR NA HÉIREANN

I gceist anseo bhí athdhíriú ar ár seirbhísí chun an tionchar is mó a bheith againn, ár n-iarrachtaí a athdhúbail chun forbairt fiontair a éascú, iomaíochas a athchur agus feidhmíocht ghnó a fheabhsú. Ba é príomhfheidhm ár gcúnamh ná uirlisí gearrthéarmacha, láithreacha a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt fiontair. Ag an am céanna, chuireamar ar fáil tacaíocht infrastruchtúir, dírithe, níos meántéarmaí chun go mbreathnaítear ar Éirinn mar áit mhaith le haghaidh gnó.

Mar chuid dár bhfreagra, d'aithin an NSAI an gá le nuálaíocht a chothú maraon lena thábhacht maidir le hinbhuanaitheacht agus marthanas na bhfiontar agus na n-eagraíochtaí. Ba é príomhbhéim na bliana ná an t-athrú sa chaoi a shaothrímid an acmhainneacht trádála d'fhorbairt chaighdeáin. Ba bheím nua í seo maidir le húsáid na líonraí caighdeáin mar bhealach le margaíocht a dhéanamh agus mar uirlis chun cabhrú le cuideachtaí aonair an acmhainneacht is mó a bhaint as a gcuid taighde agus forbartha. Creideann an tÚdarás go mbeidh sé seo níos tábhachtaí ar feadh saoil na straitéise trí bhliana.

Ina theannta sin, d'éirigh linn straitéis deimhniúchán a chur i bhfeidhm le haghaidh earnála na bhfeistí leighis in 2009, lena ndíritear ar an am is sciobtha chun deimhniúchán a fháil don earnáil fhíorthábhacht seo i bhfiontraíocht Éireannach. Tógann an próiseas um cheadú táirge le comhartha CE anois suas le ceithre nó sé seachtain, am atá chun cinn sa tionscal, agus mar sin tá an tÚdarás mar chomhlacht fhorchéimnitheach atá ag obair le cuideachtaí ceannródaíocha i dtionscal na bhfeistí leighis.

Ba thógáil inbhuanaithe príomhréimse eile ina ndeachaigh an tÚdarás chun cinn agus inar thug sé tacaíocht d'fhorbairt fiontair. Dhá réimse a raibh béim orthu ná an athdhíriú ar ár Rannóg Agrément chun tacaíocht a thabhairt don tionscal inslithe atá ag teacht chun cinn agus an foilseachán den chaighdeán Eorpach I.S. EN 16001 – Córais Bainistíochta ar Fhuinneamh. Bunaithe ar caighdeán fuinnimh na hÉireann arna bhunú ag an NSAI agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) in 2005, is aitheantas idirnáisiúnta í an fhorbairt seo de bhunachar faisnéise na hÉireann sa tionscal inbhuanaitheachta tábhachtach seo.

I dtéarmaí tacaíocht infrastruchtúir d'Éirinn mar áit le gnó a dhéanamh, ba bhealach tráthúil, rathúil é an coincheap de chóid agus sainiú brostatithe a tugadh isteach in 2009 maidir le riachtanais tionscal na hÉireann a chomhlíonadh. Mar mhodh chun sainiú agus cóid fhreagrúla láidre a chur chun cinn, is uirlis é seo a thabharfaidh tacaíocht do ghnó agus atáimid ag dul ar aghaidh.

Choinnigh an tÚdarás béim láidir ar mhuinín tomhaltóra ar feadh na bliana agus a chuireamar chun cinn modh eatraimh bunaithe ar am maidir le cigireacht rialála de thomhais trádála le haghaidh cur chuige bunaithe ar riosca, lena gcuimsítear cur i bhfeidhm dár Scéim Fhíoraitheora Údaraithe. Leis an bhforbairt seo, tá acmhainní NSAI níos saoire anois chun díriú ar fhorfheidhmiú tomhais trádála, comhlíonadh níos airde agus díothú na n-oibreoirí bradacha, chomh mailth le luach níos fearr ar airgead poiblí a chruthú.

## FEIDHMÍOCHT AGUS ATHCHÓIRIÚ AIRGEADAIS RATHÚIL

D'fhreagair na gnóthais agus na heagraíochtaí go léir, lena n-áirítear an NSAI, an cúlra eacnamaíoch in 2009. Mar gheall ar ghníomh an Rialtais maidir le déileáil le hairgead poiblí agus bearta náisiúnta eile, bhí tionchar ag rialú costais, laghduithe costais agus ciorruithe buiséadacha ar gheilleagar iomlán na hÉireann.

Ach, chomh maith le raon tionscnaimh a d'fhorbraíomar ar mhaithe leasa gheilleagar na hÉireann áfach, tá an-áthas orm a rá go raibh glanbharrachas de €275,300 ag an Údarás ag deireadh na bliana. Bhaineamar amach ioncam a bhí os cionn figiúirí 2009 agus bhí ár mbearta um shábháil costais níos mó ná ár sprioc. Mar sin, d'fhreastail an NSAI ar na dliteanais go léir de réir mar a tháinig siad chun cinn.

Baineadh amach an figiúr barrachais dearfach mar gheall ar atheagrú agus athchóiriú bhonncostas an NSAI, infheistíochtaí i gcórais TF agus bainistíocht chúramach. I dtimpeallacht lán le dúshláin, chabhraigh Bord, bainistíocht agus baill foirne an NSAI lena gcinntiú go dtiocfaidh eagraíochta níos láidire agus níos seinge chun cinn ag deireadh 2009.

I measc príomhfhorbairtí eagraíochtúla de 2009, bhí cur i gcrích aistriú na mball foirne agus córais Saotharlann MhéadreolaíochtaNáisiúnta ó Fhiontraíocht Éireann go rannóg laistigh den NSAI. Is múnla an-chuí é an socrú seo do sheirbhísí méadreolaíochta Éireannaí lena seachadfar níos mó éifeachtúlachta don tseirbhís phoiblí agus níos mó buntáistí d'úsáideoirí méadreolaíochta.

D'éirigh go hiontach le gníomhaíocht chumarsáide agus mhargaíochta an Údaráis in 2009, le dhá fhógra poiblíochta ar an raidío, roinnt fógraíochta dírithe agus gníomhaíochtaí PR eile, agus seoladh suíomh gréasáin nua an NSAI. Leanamar orainn freisin le hoiliúint foirne chun ár gcultúr eagraíochtúil 'is féidir linn' a mhéadú, chun leibhéil comhoibrithe níos airde a chruthú agus béim níos fearr de sheirbhísí a sheachadadh don chustaiméir.

## AR AGHAIDH LE CÉIMEANNA DÓCHASACHA


Mar gheall ar réadúlacht de ghnó nua-aimseartha, tá fiontair Éireannach ag feidhmiú i dtimpeallacht dhomhanda an-iomaíoch, agus aghaidh á tabhairt ar athrú sciobtha leanúnach. Chun leanúint orthu ag fás agus ag éirí leo, ní mór do chuideachtaí a bheith nuálaíoch agus iomaíoch – agus ní mór dóibh an cumas a bheith acu chun é seo a bhaint amach. Mar gheall ar ár sá straitéiseach, agus ar na dálaí eacnamaíocha go deimhin, táimid i seasamh ag breathnú romhainn ag cur seirbhísí den scoth ar fáil a chuireann fíorluach le hiarrachtaí d'fhiontair Éireannach sa mhargadh domhanda. Leis an straitéis seo comhtháthaítear ár réimsí saineolais maidir le caighdeáin, deimhniúchán agus tomhas le tionscnamh an Rialtais agus leis an fíor-riachtanas de ghnó bunaithe in Éirinn an buntáiste iomaíoch sin a fháil. Táimid réidh chun cabhrú le cuideachtaí cibé bealach is féidir linn, agus táimid réidh chun dul i ngleic le deacrachtaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

Le forbairt agus cur chun cinn leanúnach de raon cuimsitheach de thionscnamh ar fud rannóga an NSAI in 2009, thóg an tÚdarás céimeanna dóchasacha i dtreo ár bhfís agus misean a chomhlíonadh, agus i dtreo cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha arna bhfaomhadh ag an mBord a bhaint amach.

Ag deireadh 2009, creidim go bhfuil an tÚdarás i seasamh maith chun leanúint ar aghaidh ag éascú sármhaitheas fiontair agus leanúint le tionchar dearfach a chruthú sa tír agus go hidirnáisiúnta araon. In ainneoin an tionchair atá ag an timpeallacht eacnamaíoch, táimid ag súil le tuilleadh dul chun cinn maidir lenár gcuspóirí straitéiseacha sa bhliain amach romhainn.

Lenár gCathaoirleach, gabhaimis buíochas lenár gcomhpháirtithe go léir sa tionscal agus sa Rialtas dá tacaíocht agus táim ag súil le leanúint lenár gcaidrimh oibre láidire. Gabhaim buíochas freisin le Bord agus Bainistíocht an NSAI as an obair a rinne siad chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Faoi dheireadh, tugaim ómós do bhaill foirne NSAI, a chuaigh i ngleic leis na dúshláin go gairmiúil. Tá rath an NSAI mar gheall ar a dtiomantas agus obair dhian.



**Maurice Buckley**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# AG CRUTHÚ INFREASTRUCHTÚR MARGAIDH OSCAILTE

Is éard atá i gceist le cuspóir straitéiseach an NSAI i dtreo infreastruchtúr margaidh oscailte a chruthú ná cur leis an méid is féidir linn a dhéanamh d'Éirinn, do ghnó agus do thomhaltóirí na hÉireann anois agus sa todhchaí i gcomhthéacs margaí domhanda agus margaí Eorpacha.



## AG GINIÚINT NA TRÁDÁLA IS FEARR AGUS NA BUNTÁISTÍ TOMHALTÓRA IS FEARR

Is é bealach amháin chun an trádáil is fearr agus na buntáistí tomhaltóra is fearr a ghiniúint ná cabhrú le cuideachtaí a bheith páirteach sa phróiseas de chaighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha a fhorbairt. Mar shampla, féadtar tomhaltóirí ar fud an domhain a bheith cinnte go gcomhlíonann earraí agus seirbhísí Éireannacha na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr, agus féadfaidh gnóthas teagmhálacha a fháil le himreoirí domhanda, teacht ar fhaisnéis mhargaidh, poist a chruthú, caighdeáin earnála agus tionscail a mhúnlú le haghaidh na blianta atá amach romhainn.

Mar gheall ar sheasamh agus stádas an NSAI mar cheannasaí d'ionchur Éireannach i bhforbairt na gcaighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta, is féidir linn rochtain a chur ar fáil do chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúntaigh atá suite in Éirinn ar líonraí, meithleacha agus coistí a mhúnlaíonn na caighdeáin do theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua atá á bhforbairt ar fud an domhain. Mar sin, breathnaíonn an NSAI ar chaighdeáin mar sócmhainn thábhachtach chun gnóthú eacnamaíoch na hÉireann a bhrostú.

Lenár straitéis 2009–2011, tá athrú bunúsach i bhfeidhm chun acmhainneacht forbartha trádála de rannpháirtíocht Éireannach i bhforbairt chaighdeáin a shaothrú. Tá an tionscnamh ag céim luath i dtéarmaí na cuspóirí fádtéarmacha a chomhlíonadh maidir le líon na ngnóthas Éireannach ionadaithe ar choistí caighdeáin idirnáisiúnta a dhúbailt agus maidir le cúig rúnaíocht de ghrúpaí idirnáisiúnta a bhuachan i dtaca le forbairt trádála faoi 2012. Ach, in 2009, áfach chuir an NSAI obair chun cinn sa réimse seo leis an ÚFT agus Fiontraíocht Éireann chun príomhghnóthais nuálaíochta a d'fhéadfadh leas a bhaint as an tionscnamh seo a aithint. Chuireamar tús freisin le cuideachtaí a ghlaoch chun páirt a ghlacadh san airéine chaighdeánaithe, agus mar sin ag ullmhú le haghaidh ratha sa todhcaí. Ní stopfaidh an tÚdarás ag dul sa tóir ar an deis iontach seo d'Éirinn.

Tá iomaíochas go maith don tomhaltóir agus fiontar Éireannach, agus le cruthú infreastruchtúr margaidh oscailte d'fhéadfadh comhoiriúnú an mhargaidh Eorpaigh d'earraí agus do sheirbhísí leas a bhaint as chomh maith. Mar chuid den chuspóir de bhacainní trádála teicniúla a shárú, d'ordaigh an AE córas de chóid dearaidh struchtúracha dá nglaoitear 'Eurocodes' a bhaineann le tógáil agus innealtóireacht shibhialta.

Tar éis 21 iarscríbhinn Éireannach a chur i gcrích don Eurocodes faoi dheireadh 2009, bhí go leor oibre déanta ag an Údarás chun an 48 iarscríbhinn náisiúnta a fhorbairt sula dtarraingítear an cód náisiúnta atá ann cheana siar in Aibreán 2010. Tá an acmhainneacht ag Eurocodes deiseanna fostaíochta a chruthú, trí saoirse a thabhairt d'innealtóirí, conraitheoirí, dearthóirí agus do mhonaróirí táirge a gcuid seirbhísí a chur ar fáil in aon Bhallstát san Aontas Eorpach.

Ag cur le cruthú infreastruchtúr margaidh oscailte, bhunaigh an NSAI áis do Phointe Teagmhála Táirge le linn na bliana faoi Rialachán um Aitheantas Frithpháirteach (CE) 764/2008. Cabhraíonn sé seo le cuideachtaí fáil amach cad iad na rialacha teicniúla atá is infheidhme do tháirgí comhchuibhithe laistigh d'Éirinn.

## AG TACÚ LE AGUS AG FORLÍONADH RIALÚCHÁIN

Chun forlíonadh agus tacú le cur i bhfeidhm caighdeáin, treoracha agus rialúcháin in Éirinn, cuireann an NSAI cúnamh ar fáil do ghníomhaireachtaí Stáir eile trí tháirgí, seirbhísí agus eagraíochtaí a dheimhniú i gcomhar comhlíonta le caighdeáin aitheanta. Chun tacaíocht a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2009, agus i gcomhréir lenár spriocanna, chuir an NSAI oinnt scéimeanna i bhfeidhm a chuireann feabhas ar ghnéithe sábháilteachta agus timpeallachta d'fheithiclí ar an mbóthar in Éirinn agus san Eoraip.

Rinneadh dul chun cinn tábhachtach sa Scéim Ceadaithe d'Fheithiclí Náisiúnta roimh na dataí comhlíonta sainordaitheacha faoi Threoir an AE 2007/46/CE, a tháinig i bhfeidhm i dlí na hÉireann ar 29 Aibreán 2009. Leis an Treoir seo tugadh 'ceadú cineála' d'fheithiclí nár cuimsíodh roimhe seo (busanna, cóistí, veaineanna, trucailí, leantóirí agus roinnt feithiclí sainchuspóireacha eile) ag an gcóras um Cheadú Cineála Feithicle an Chomhphobail Eorpaigh (ECWVTA) lena ligtear do dhearadh feithicle a cheadú de réir cineála i gcomhar díola, clárúchán agus dó a chur isteach i tseirbhís ar fud na mBallstát go léir. Cuireadh tús leis na socruithe nua in Aibreán 2009 agus leathnófar iad ar feadh roinnt blianta. Le scéim an NSAI, cinntíodh go raibh na ceanglais, reachtaíocht agus córais ábhartha Éireannacha i bhfeidhm chun sraith na spriocdhátaí a chomhlíonadh de réir mar a leathnaítear an córas nua amach ar feadh na cúig bliana atá romhainn, le tionchar dearfach i ndán do na húsáideoirí bóthair go léir agus do shábháilteacht bhóthair na hÉireann.

Chun é seo agus scéimeanna ceadaithe náisiúnta eile a sheachadadh, cheap an NSAI ocht Ionad Tástála Ceadaithe (ATCanna) in 2009 (le tuilleadh iarratais ar bun) chun tástáil a dhéanamh ar cheaduithe feithicle. Eisíonn na ATCanna tuairiscí tástála le haghaidh roinnt de na riachtanais theicniúla nó iad go léir, ach is é an NSAI an t-aon údarás a dheonaíonn ceaduithe in Éirinn.

## MUINÍN TOMHALTÓRA A CHUR CHUN CINN I DTOMHAIS TRÁDÁLA

Lean an tÚdarás air ag díriú ar mhuinín tomhaltóra den scoth a chur chun cinn i dtomhais trádála, amhail tacsaiméadir, rannóirí peitril agus díosail, ionstraimí meáite uathoibríocha agus tomhais a úsáidtear i dtionscal na ndeochanna. San áireamh inár spriocanna sa réimse seo, tá soláthar de sheirbhís sciobtha éifeachtach ó thaobh costais de do thrádálaithe chun calabrú dá n-ionstraimí a sheiceáil. Ba í an aidhm in 2009 ná líonra fíoraitheora údaraithe a chruthú, lena ligtear d'oibreoirí tríú pháirtithe fíorú ionstraime a dhéanamh ar son NSAI, agus d'éirigh linn an Scéim cÚdaraithe a chur i bhfeidhm le linn na bliana. San áireamh anseo, bhí dhá clár tairisceana, agus mar thoradh orthu bhí ceadú de 16 n-oibreoir fíoraithe, lena gcinntítear dul chun cinn substaintiúil i dtreo ár gcuspóir fhoriomlán de fhíoraitheoirí tríú pháirtithe a bheith ar fáil le haghaidh 80% de chatagóirí ionstraime faoi 2011.

Mar phríomhghné de mhuinín tomhaltóra a chur chun cinn, thosaigh an tÚdarás aistriú ó mhodh eatraimh bunaithe ar am maidir le cigireacht rialála go cur chuige bunaithe ar riosca Leis seo éascaítear níos mó éifeachtúlachta maidir le húsáid acmhainní an NSAI, luach níos fearr ar airgead poiblí, spreagadh de chóras comhlíonta le díothú na n-oibreoirí bradacha. Agus atá an cur chuige seo á fhorbairt, tá sé ar intinn againn acmhainní an NSAI a shaoradh, chun níos mó cigireachta a dhéanamh ar miondíoltóirí, allmhaireoirí agus pacálaithe d'earraí réamhphacáistithe ar feadh na dhá bhliain atá amach romhainn, agus mar sin ag cur feabhais ar mhuinín tomhaltóra i dtomhais trádála. Rinneadh go leor dul chun cinn leis an tionscnamh seo in 2009, trí shuiteáil de chóras TF nua agus sonraí a chomhtháthú ón gcigireacht agus fíoraitheora údaraithe, mar sin ardán a chruthú chun leas iomlán a bhaint as cigireacht bunaithe ar riosca faoinár spriocdháta de 2011.

D'éirigh linn chomh maith muinín tomhaltóra agus tionscail a chinntiú in infreastruchtúr tomhas náisiúnta trí ghníomhaíochtaí Údaraithe eile amhail na caighdeáin tagartha náisiúnta a choimeád le haghaidh raon de cháiníochtaí tomhais, ag calabrú os cionn 4,500 ionstraim tomhais agus cigireacht a dhéanamh ar ionstraimí tomhais a úsáidtear do chríocha trádála i 7,000 áitreabh agus feithicil ar fud na tíre.

Is príomhchuid de chruthú muinín tomhaltóra ard ná cruinneas de chaighdeáin tomhais náisiúnta a choimeád. San áireamh sa chlár den réimse seo bhí taighde, obair forbartha chomh maith le tagarmharcáil agus bailíochtú de chaighdeáin tomhais Éireannacha i gcoinne caighdeáin idirnáisiúnta trí rannpháirtíocht i gcomparáidí idirnáisiúnta. Le linn 2009, d'éirigh leis an Údarás páirt a ghlacadh in ocht gcomparáid idirnáisiúnta. Ba bhliain an-láidir í freisin do sholáthar seirbhísí comhairleoireachta teicniúla don tionscal. Bhain formhór na tascanna comhairleoireachta le comhairle agus cúnamh a thabhairt do chuideachtaí maidir le modhanna agus nósanna imeachta teicniúla, measúnú éiginnteachta agus oiliúint a thabhairt do chuideachtaí a raibh ag iarraidh a gcreidiúnú a leathnú nó a chreidiúnú faoi ISO 17025, a bhaineann le hinniúlacht na saotharlann tástála agus calabruithe.

# FAISNÉIS MHAITH D'ÉIRINN CPT LEIS AN EARNÁIL CHALABRAITHE

Le tacaíocht an NSAI do chuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí calabraithe creidiúnaithe do thionscal na hÉireann, tugadh cabhair do cháil na hÉireann maidir le suíomh tarraingteach d'ilnáisiúntaigh a choimeád in 2009.

Braitheann formhór de ghníomhaíochta tráchtála agus R&D tionscal na hÉireann ar an infhaighteacht de sheirbhísí calabruithe, tomhais agus tástála d'ardchaighdeán agus in Éirinn breathnaítear ar infreastruchtúr tomhais mar bharaiméadar de chumas tarraingteach foriomlán na tíre mar shuíomh d'ilnáisiúntaigh agus infheisteoirí.

Is é seo an cás go háirithe do na hearnálacha ardteicneolaíochta, amhail feistí leighis, cógaisíochta agus biteicneolaíocht, ina bhfuil gá le ardchaighdeáin cruinnis.

Trí chabhair a thabhairt do shaotharlanna tráchtála le cumais nua a bhunú nó lena gcumas atá acu cheana a fhorbairt, chuireann NSAI áiseanna chun cinn a bhfuil an inniúlacht acu i gcineálacha áirithe de chalabrú agus tástáil. Leis seo, tugtar cabhair don tionscal bogadh ar aghaidh agus tugtar tacaíocht do ghníomhaíochta eacnamaíoch. Ina theannta sin, tugtar cabhair don tionscal an geilleagar faisnéise a chothú agus mar sin coinnítear cumas tarraingteach na hÉireann d'ilnáisiúntaigh agus d'infheisteoirí.

Cé go bhfuil cuideachtaí Éireannacha ag leathnú a n-eatraimh calabraithe nó cé go bhfuil siad níos roghnaí maidir le líon na n-earraí a thomhaiseann siad, tá an earnáil ag leanúint uirthi ag coinneáil cáil na hÉireann mar cheannasaí margaíochta sna seirbhísí calabraithe.

"Is é an príomhchúis de rath na soláthraithe seirbhísí calabraithe in Éirinn ná an tacaíocht ó NSAI" a deir Donal O'Leary, Stiúrthóir Bainistíochta de Metrology Systems and Services Ltd., gnóthas bunaithe i gCorcaigh, a bhfuil raon cliant aige in earnálacha na cógaisíochta, ceimiceáin chogasaíochta chríochnaithe, feistí leighis, comhábhair bhia agus tionscail um phróiseáil bhia.

"Mar shampla, le Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta NSAI cuireadh feabhas suntasach ar chumas tomhas agus inniúlachta ár gcuideachta le blianta beaga anuas," a deir Donal O'Leary. "Is comhpháirtí é seo maidir le idir-chomparáidí saotharlainne neamhspleácha a dhéanamh linn agus i dtéarmaí an tsaineolais a bhfuil teacht againn air laistigh den NML."

De bharr aistriú i dtreo trealaimh le cruinneas níos airde sa tionscal, tá soláthraithe de sheirbhísí calabraithe ag obair níos déine chun a chinntiú go gcoimeádtar na caighdeáin cruinnnis is airde. Le tacaíocht ó NSAI, is féidir le seirbhísí calabraithe Éireannacha leanúint orthu ag baint leas as an gcáil atá acu maidir le gach iarracht a dhéanamh chun gach rialachán agus ceanglas a chomhlíonadh.

# AG CUR FEABHAIS AR FHEIDHMIÚ GHNÓ NA HÉIREANN

Le linn na bliana, ba príomhthosaíocht don NSAI ná feidhmiú ghnó na hÉireann a neartú. I domhan, ina mbraitheann maireachtáil ar éifeachtúlacht, déantar an difríocht idir rath agus teip le cabhair do ghnó maidir le hiomaíochas a fháil.



## AG FEABHSÚ FEIDHMÍOCHTA GNÓ CHUN NA CAIGHDEÁIN IDIRNÁISIÚNTA IS FEARR A CHOMHLÍONADH

Chun cabhrú le feabhas a chur ar fheidhmíocht ghnó chun na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a chomhlíonadh, tá clár ceaptha ag an Údarás chun rochtain saor inléite amháin a chur ar fáil ar an t-ábhar iomlán de chaighdeáin idirnáisiúnta, Éireannacha agus Eorpacha in ollscoileanna éagsúla agus leabharlanna éagsúla gairmiúla d'eagraíochtaí ar fud na tíre. Tá sé seo dírithe ar shuim a spreagadh i gcaighdeáin i measc gnó agus fiontraithe agus chun tacaíocht a thabhairt d'obair forbartha de chomlachtaí amhail Fiontraíocht Éireann agus an IDA. Faoin bplean straitéiseach tá sprioc ag an Údarás cúig ionad faisnéise a bhunú faoi 2011, agus bhunaíomar ceann dóibh siúd in 2009.

Le linn na bliana, bhí an NSAI an-ghníomhach maidir le seirbhísí comhairleoireachta teicniúla um thomhas mionchruinnis a chur ar fáil don tionscal. San áireamh sna buntáistí a raibh ann do chuideachtaí, bhí comhairle agus cúnamh maidir le modhanna agus nósanna imeachta teicniúla, chomh maith le haistriú faisnéise don tseirbhís agus do thionscail ardteicneolaíochta. Leis an obair seo léirítear dul chun cinn láidir i dtreo ár gcuspóire d'fheabhas a chur ar fheidhmíocht gnó Éireannach trí chúnamh a thabhairt do chuideachtaí a raibh riachtanais méadreolaíochta uathu. Chomh maith leis an gcineál seo comhairleoireachta, chuireamar cúnamh teicniúil ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus don Roinn Cosanta, lenar tugadh cúnamh do na heagraíochtaí seo a ngíomhaíochtaí calabruithe inmheánacha féin a bhunú.

## AG LEATHNÚ EARNÁLACHA GNÓ SAINIÚLA

Ba thionscnamh an-rathúil é an coincheap SWiFT de sainiú agus cóid bhrostaithe, a seoladh in 2009. Bunaíodh é ar dtús mar chuspóir straitéiseach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht ghnó trí luas seachadadh caighdeáin a mhéadú, threoraigh an tÚdarás an coincheap isteach i gceann dár bhfreagraí díreacha ar shaincheisteanna a raibh roimh fiontair Éireannacha in 2009.

Is éard atá i SWiFT ná cáipéis molta, forbartha atá bunaithe ar an aontú de rannpháirtithe sa phróiseas comhairliúcháin NSAI. Níl i ndóthain ama ag go leor cuideachtaí Éireannacha chun an próiseas caighdeáin dá dtionscal, a mhaireann ar feadh trí bhliana de ghnáth a fhorbairt. Ach le SWiFT, éascaítear do chuideachtaí agus páirtithe leasmhara eile tríd iad a threorú thar modh sciobtha, lena gcruthaítear sainiú nó cód a mbeidh tionchar láithreach acu ar shaincheisteanna i dtionscail áirithe.

Tá an dul chun cinn sa tionscnamh seo i bhfad os cionn cad a mheastar, ó thaobh ár gcuspóire de, maidir le raon solúbtha sainithe a fhorbairt agus a chur chun cinn a chomhlíonann riachtanais aitheanta laistigh d'am scála brostaithe.Foilsíodh trí cháipéis SWiFT in 2009: ceann ar bhainistíocht nuálaíochta, ar threoir na hearnála poiblí do ISO 9001 agus ceann eile ar bhreosla adhmaid glan, agus tá gach ceann oiriúnach don chlár oibre náisiúnta reatha. Cuireadh tús le raon de thionscadal SWiFT eile le linn na bliana, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach, atá an-ábhartha do shaincheisteanna náisiúnta reatha, agus tá dul chun cinn maith déanta do 2010.

## AG MÉADÚ ÉIFEACHTÚLACHTA SEACHADTA SEIRBHÍSE SA TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Tá an raon seirbhísí a chuireann an NSAI ar fáil don earnáil phoiblí chomh cuimsitheach leis an tseirbhís don earnáil phríobháideach, agus mar fhreagra ar an Rialtas agus an tuarascáil i 2008 ón OECD a raibh tionchar mór aige Public Management Review: Ireland – Towards an Integrated Public Service, is é sprioc an NSAI ná glacadh an ISO 9001 a dhúbáil i measc eagraíochtaí Éireannacha san earnáil phoiblí ar feadh na trí bliana atá le teacht.

Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta againn i dtreo na sprice seo agus gur ghlac go leor comhlachtaí san earnáil phoiblí é, tháinig saincheisteanna eile chun cinn a bhain le rialachas corparáideach, freagracht shóisialta agus bainistíocht riosca le linn 2009. Mar gheall ar easnaimh sna réimsí seo, bhí roinnt tráchtaireachta diúltaí ar cháil chorparáideach na hÉireann, ar leibhéal maicreacnamaíochta ar a laghad, agus bhí rialachas corparáideach mar an saincheist is tábhachtaí do na heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach i dtéarmaí bainistíochta san aonú haois is fiche.

I mí Dheireadh Fómhair, mar fhreagra díreach ar roinnt de na saincheisteanna seo, thosaigh an NSAI i gcomhar le hInstitiúid na Stiúrthóirí ag obair ar SWiFT 3000: 2010 Code of Practice for Corporate Governance Assessment in Ireland, an chéad chód dá leithéid san AE. Ghlac níos má dá chomhlacht gairmiúil déag páirt sa chur chun cinn de dea-chleachtas um rialachas corparáideach in Éirinn. Leis an gcód cuirfear creat láidir ar fáil do mheasúnú rialachais chorparáidigh maidir le comhlíonadh de chóid rialachais chorparáidigh ábhartha agus feabhsófar na prionsabail bhunúsacha de dea-rialachas corparáideach d'eagraíochtaí na hÉireann, ina mbeidh feabhas ar fheidhmíocht rialachas corparáideach de chuideachtaí Éireannacha mar thoradh air. Táthar ag súil go ndéantar measúnú ar na céad eagraíochtaí i ndeireadh2010.

# FREAGRA SWIFT AR THIONSCAL NA HÉIREANN

Is cur cur chuige éifeachtach é an coincheap nua SWiFT de NSAI maidir le sainiú agus cóid bhrostaithe a fhorbairt mar fhreagra ar riachtanais tionscal na hÉireann.

Is éard atá sna foilseacháin nua SWiFT – d'fhorbair agus d'fhoilsigh NSAI trí cinn in 2009 – ná cáipéisí treorach molta a forbraíodh go sciobtha bunaithe ar an aontú de na rannpháirtithe de ghrúpa comhairliúcháin NSAI.

Dhear an NSAI SWiFT chun modh sciobtha a chur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena gcruthaítear sainiú nó cód a mbeidh tionchar láithreach acu ar shaincheisteanna agus ar chleachtais i dtionscail áirithe.

De réir mar is cuí, ba é nuálaíocht – fíorthábhachtach d'inbhuanaitheacht agus do mharthanas na gcuideachtaí agus na n-eagraíochtaí sa timpeallacht eacnamaíoch reatha – an t-ábhar sa chéad cháipéis SWiFT.

D'fhorbair an NSAI, nuálaithe, acadóirí agus saineolaithe trádála agus tionscail an Guide to Good Practice in Innovation and Product Development Processes, a seoladh i mí an Mhárta 2009. San áireamh sna rannpháirtithe bhí saineolaithe ó Bord na Móna, Dromone Engineering, Fujitsu, Engineers Ireland, Fiontraíocht Éireann, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, Innovator, Katawave, OEM, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Schneider Electric.

Spreagadh a fhorbairt mar gheall go raibh treoir láidir shoiléir ag teastáil ó chuideachtaí agus eagraíochtaí Éireannacha maidir le conas nuálaíocht a chothú agus mar gheall ar roinnt tionscnamh de chuid an Rialtais a d'aithin an gá le eagraíochtaí breathnú ní ba churaimí ar nuálaíocht.

Ba chéad chéim mhaith d'aon eagraíocht ar mian leo feabhas a chuir ar a feidhmíocht nuálaíochta, é codanna 'conas le nuálaíocht a dhéanamh' a chuir ar fáil i mbealach éasca le léamh, atá sa treoir i NWA1:2009. I rannán do cheannasaithe, tá treoir ann maidir le nuálaíocht a chothú in eagraíocht agus conas le straitéis nuálaíochta a fhorbairt. I rannán cleachtóirí leagtar amach próiseas céim faoi chéim maidir le nuálaíocht féideartha a ghiniúint, a fháil, a anailísiú agus a fhorbairt chun díriú ar riachtanais margaíochta nár sroicheadh fós – nuálaíocht i bhfocal amháin.

Is é Dromone Engineering, gnóthas Éireannach chun tosaigh sa tionscal, a fhorbaraíonn teicneolaíocht ghléasta do na margaí tógála agus talmhaíochta ar feadh 30 bliain, cuideachta amháin a fuair buntáiste láithreach mar gheall ar an SWiFT nua.

In 2009, d' aithin cuideachta i gContae na Mí gá lena táirge a bheith difriúil agus a soláthar luach breise a mhéadú ar mhargaí ina raibh sí ag feidhmiú. Dár leis an gcuideachta, ba í nuálaíocht amháin i ngach gné den ghnó a bhainfeadh sí seo amach.

Trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt SWiFT, bhí Dromone Engineering ábalta feabhas a chur ar a bpróisis nuálaíochta, a táirgiúlacht agus luas don mhargadh maidir le smaointe nua a mhéadú. In ainneoin dálaí eacnamaíocha an-deacra in 2009, mar thoradh air – roimh an iomaíochas – bhí seoladh de theicneolaíocht nua cúplaire tochaltóra chun an reachtaíocht nua a bhí le teacht a chomhlíonadh.

Dúirt Stiúrthóir Bainistíochta William Egenton: "Cuireann SWiFT léarscáil bóthair an-simplí ar fáil do chuideachtaí cosúil le Dromone. Is féidir an próiseas nuálaíochta a chur in iúl an-soiléir in aon eagraíocht, agus buaitear leath an chatha.

# AG COTHÚ GEILLEAGAIR NUÁLAÍOCH AGUS FAISNÉISE

Le linn 2009, bhí ról tábhachtach ag an NSAI maidir le tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht ghnó agus ag cabhrú le brostú an leathnú amach de chur teicneolaíochtaí ar aghaidh in Éirinn.

I gceist anseo bhí obair i ndiaidh a chéile leis na gníomhartha eolaíochta agus forbairt fiontair agus leis an tionscal, taighdeoirí agus úinéirí maoine intleachtúla le haghaidh an forbairt leanúnach de gheilleagar na hÉireann agus d'fhonn infheistíocht leanúnach a tharraingt isteach.

## AG ÉASCÚ AN GLACADH DE THEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA ARNA BHFORBAIRT IN ÉIRINN

Is é ceann de na bealaí is féidir leis an NSAI glacadh de theicneolaíochtaí nua arna bhforbairt in Éirinn a éascú ná trí chabhair a thabhairt do chuideachtaí trí iniúchadh méadreolaíocht a dhéanamh. Leis na hiniúchtaí seo, ligtear do chuideachtaí amhail saotharlanna calabraithe a éifeachtúlacht a thagarmharcáil agus iad i dtreo creidiúnaithe agus a comhlíonadh a thaispeáint ina dhiaidh, mar sin ag neartú a n-acmhainn iomaíochta agus acmhainn iomaíochta na gcuideachtaí a bhfreastalaíonn siad orthu. Bhí gníomhaíocht sa réimse seo láidir in 2009. Táimid ag súil go reáchtálfar 10-12 iniúchadh méadreolaíochta in 2010, i gcoinne gealltanais chun 20 iniúchadh a chur i gcrích faoi 2012.

Is bealach eile é taighde chun teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach, agus le linn 2009, bhí ceithre tionscadal taighde maidir le tomhas bunúsach ar bun ag an Údarás. Le taighde seo dá leithéid, cinntítear go bhfuil cumas ag an NSAI an chomhairle cheart a chur ar fáil do thionscal na hÉireann ag an am ceart, agus mar sin beidh an tÚdarás i seasamh maith chun tacaíocht a thabhairt d'éilimh theicniúla de thionscail atá agteacht chun cinn nó atá ann cheana.

## AG CUR FEABHAIS AR SUIM SNA GAIRMEACHA EOLAÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Chuir an NSAI tús le hobair ar roinnt tionscnamh oideachais agus cumarsáide in 2009, mar chuid dár gcuspóir d'fhéidearthacht gairmeacha teicneolaíochta agus eolaíochta a fhorbairt in Éirinn, agus mar sin cothaítear nuálaíocht agus geilleagar faisnéise. San áireamh san obair seo bhí forbairt de mhodúl do choláistí tríú leibhéil in 2009 - tábhachtach chun béim a chur ar ról na caighdeán maidir le straitéis margaíochta táirge a fhorbairt le haghaidh innealtóirí agus eolaithe na todhchaí.

Trí roinnt alt a foilsíodh, ábhar oideachais do bhunscoileanna agus meánscoileanna, tinreamh ag comhdhálacha agus idirbheartuithe le gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais eile, chuireamar le hoideachas gnó Éireannacha maidir leis na buntáistí iomaíocha a d'fhéadfadh a fháil trí chaighdeánú.

## AG TABHAIRT TACAÍOCHTA D'EARNÁLACHA TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NUÁLAÍOCHTA ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

Tháinig na hiarrachtaí de roinnt chomhlachtaí seirbhíse poiblí sna blianta beaga anuas chun earnáil na bhfeistí leighis a chothú, chun cinn, leis an dtionscnamh anois i stádas mar limistéar le fás beomhar agus bunchloch de gheilleagar na hÉireann. Is cuspóir straitéiseach de NSAI é cabhrú le hearnálacha tionscail nuálaíochta a fhás tríd ár ndeimhniúchán agus cumais tomhais cruinnis. Táimid, agus in 2009 leanamar orainn a bheith ina sheirbhís thábhachtach laistigh de cur chuige comhtháthaithe an Rialtas i réimse na bhfeistí leighis agus laistigh den tionscal é féin.

Is príomhchuspóir NSAI d'earnáil na bhfeistí leighis a bheith ina cheannasaí margaíochta maidir le cáilíocht agus am freagartha do dheimhniúchán Comhartha CE. Le meán am an phróisis um cheadú táirge le comhartha CE anois suas le ceithre nó sé seachtain, am atá chun cinn sa tionscal, agus mar sin tá an tÚdarás mar chomhlacht den scoth atá ag obair le cuideachtaí ceannródaíocha i dtionscal na bhfeistí leighis.

Tá cuideachtaí um fheistí leighis faoi réir go leor córas rialála agus caighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an timpeallacht rialála i gcónaí ag athrú, agus tionchar ag go leor fóram náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an cuspóir i treo comhchuibhithe domhanda uirthi. Tá an NSAI in áit mhaith chun na cúinsí domhanda agus cúinsí AE a léirmhíniú agus chun treoir a thabhairt don tionscal seo maidir le caighdeáin, ceanglais agus rialúcháin na bhfeistí leighis atá ag teacht chun cinn. Chomh maith le cuspóir na hÉireann an tionscal seo agus a ghníomhaíocht R&D a fhás, táimid ag tabhairt tacaíochta do ghníomhaíochtaí forbartha fiontair trí sheirbhís feistí leighis tiomnaithe. Le linn 2009, leanadh lenár mbéim leanúnach a chur ar sholáthar de sheirbhísí comhairleoireachta saineolaithe agus deimhniúchán sciobtha faoi stádas na hÉireann mar ionad domhanda de shármhaitheas maidir le deimhniúchán feistí leighis.

Leis an gcuspóir seo a chur i gcrích éascaítear do chuideachtaí buntáistí tábhachtacha a fháil ar chuideachtaí eile atá san iomaíochas maidir leis an am a thógann sé an margadh a shroicheadh.Ina theannta sin, cuirtear feabhas ar an bhféidearthacht d'infheistíocht agus forbairt an gheilleagair le glanfhiúchas ard.

# LE FORBAIRT CHAIGHDEÁIN TUGTAR NEART DO GHNÓTHAS CHORCAÍOCH

Chuir cuideacha Corcaíoch neartú suntasach lena bhonn custaiméara mar thoradh ar a rannpháirtíocht in obair forbartha um chaighdeáin idirnáisiúnta.

Chuir Nomos Software díolachán tábhachtach i gcrích le cliant baincéireachta ar leibhéal 1, agus chuir sé feabhas ar a cháil tráchtála mar thoradh ar an bpáirt a bhí aige leis an bpróiseas forbartha caighdeán. Cruthaíonn Nomos Software bogearraí tástála ar mhórscála do ghnóthaí sna hearnálacha airgeadais agus aeraspáis.

D'fhíoraigh an chuideachta, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann an tábhacht fíorthábhachtach de chaighdeáin maidir lena fhorbairt don todhchaí, tamall beag tar éis a thosaigh sí trí bhliana ó shin.

Tar éis di dul i dteagmháil leis an NSAI in 2009, chuir an tÚdarás Nomos i dteagmháil le rannpháirtithe a bhí ag obair ar Ghrúpa Measúnuithe na gCaighdeán do ISO 20022 – scéim teachtaireachta don thionscal airgeadais domhanda. Leis an gcaighdeán seo, cuirtear ardán coitianta ar fáil don tionscal airgeadais maidir le forbairt de na 'teachtaireachtaí' airgeadais a tharlaíonn go leictreonach idir institiúidí - réimse tábhachtach do Nomos.

Tríd na teagmhálacha agus caidrimh a forbraíodh, bhí Nomos ábalta an tástáil béite a thabhairt chun tosaigh ar cheann de na táirgí bogearraí, a raibh idirbheart gnó mar thoradh air agus caidreamh tráchtála leanúnach féideartha freisin leis "an custaiméir is fearr a d'fhéadfadh muid a shamhlú" de réir Tricia Balfe, an Stiúrthóir Bainistíochta.

"Tá caighdeáin fíor-thábhachtach d'fhorbairt cuideachta óg. Ach is bealach an mhaith iad freisin chun faisnéis margaíochta luachmhar a fháil, chun riachtanais na gcustaiméirí a aimsiú, agus chun na forbairtí is déanaí i do thionscal agus straitéis d'iomaitheoirí a fhoghlaim" a deir Balfe. "Nuair a bhíonn tú páirteach ann, faigheann tú píosa beag de chuntas custaiméara agus an seans tábhachtach chun a thaispeáint cé chomh maith is atá do chuideachta, d'fhoireann agus do tháirgí."

Leis an NSAI, éascaítear rannpháirteachas cuideachtaí Éireannacha i bhforbairt chaighdeán idirnáisiúnta ar leibhéil éagsúla. San áireamh i rannpháirteachas, d'fhéadfadh freastal ar chruinnithe idirnáisiúnta chun cur leis an bpróiseas forbartha caighdeán a bheith i gceist, lena soláthraítear cuid den ionchur Éireannach oifigiúil maidir le forbairt na gcaighdeán nó rannpháirtíocht i bplé a chuireann le hionchur Éireannach don chaighdeán deireanach.
Leis na bealaí rannpháirtíochta seo go léir, cuirtear líonrú tábhachtach agus deiseanna tráchtála ar fáil.

Faoi láthair, glacann tuairim is 100 cuideachta Éireannach páirt i meithleacha um chaighdeáin idirnáisiúnta. Is é sprioc an NSAI ná an figiúr sin a dhúbail faoi 2012, ionas go mbaineann Éire an tionchar is mó amach agus go bhfaigheann sé trádáil mar thoradh ar a rannpháirteachas ar na comhlachtaí seo.

# AG TACÚ LE D'INBHUANAITHEACHT

Tá níos mó agus níos mó gnóthaí agus tomhaltóirí ag smaoineamh faoin gclár oibre inbhuanaitheachta, agus in 2009, ba é straitéis an NSAI ná tacaíocht a thabhairt do thrádáil Éireannach, don tomhaltóir Éireannach agus do Rialtas na hÉireann trí chabhair a thabhairt dóibh siúd ar mian leo éifeachtacht fuinnimh a chuimsiú, astuithe carbóin a laghdú, prionsabail atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus cleachtais inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Is é ár gcuspóir ardleibhéil ná forbairt de theicneolaíocht foirgnimh ghlasa agus réitigh agus táirgí nuálaíochta a neartú, ní hamháin chun an earnáil tógála atá ag fulaingt a chabhrú, ach freisin chun fiontar Éireannach a spreagadh chun cumas láidir na hÉireann a shaothrú sa mhargadh domhanda maidirl le hearraí agus seirbhísí comhshaoil.



## AG LAGHDÚ LORG CARBÓIN I BHFOIRGNIMH

Is iad foirgnimh an earnáil is mó maidir le hídiú fuinnimh i dtíortha forbartha, a chuimsíonn idir 40% agus 60% d'úsáid fhuinnimh. Mar sin, san áireamh i straitéis an NSAI, tá tionscnamh inbhuanaitheachta, lena tabharfar tacaíocht do chuideachtaí chun cur le cuspóir an Roinn Comhshaoil d'astuithe carbóin a laghdú go nialas do gach teaghais nua faoi 2013.

Is é ceann dár gcuspóirí ná comhghuaillíochtaí straitéiseacha a spreagadh le comhlachtaí Stát ábhartha chun comhlíonadh le rialacháin inbhuanaitheachta agus comhshaoil a éascú. Trí rannpháirtíocht an NSAI san Fhóram Tógáila, grúpa tras-rannach, ina bhfuil an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, (DOEHLG), SEAI agus Fás, tá ról lárnach ag an Údarás maidir leis an tionscal tógála a ullmhú i gcomhar an tabhairt isteach de rialacháin um dhíothú astuithe carbóin i gcomhréir le spriocanna an Rialtais. Sa chomhthéacs seo, d'fhorbair an NSAI a chomhghuaillíocht leis an SEAI, agus mar thoradh air seo bhí cruthú an Chomhchoiste Comhairliúcháin um Chaighdeáin Fuinnimh. Is í an aidhm ná caighdeáin den scoth a fhorbairt sa réimse de bhainistíocht fhuinnimh chun cabhrú le stádas na hÉireann ina ról ceannasaíochta domhanda don tionscal bainistíochta fuinnimh.

Baineann roinnt tionscnamh inbhuanaitheachta an Údaráis ar an dtionscal timpeallacht tógtha, agus san áireamh tá spreagadh deimhniúcháin d'insliú nua, táirgí agus córais téimh agus bainistíocht dramhaíola a laghdóidh aschur carbóin, le sprioc de mhéadú de 50% i líon na gceadúnas Agrément a eisíodh sna réimsí seo faoi 2012. San áireamh in obair i dtreo na sprice seo le linn na bliana bhí athdhíriú ar fheidhm Agrément an NSAI chun tacaíocht a thabhairt don tionscal inslithe atá ag teacht chun cinn agus dréachtú, i gcomhair leis an DOEHLG agus SEAI, de chód cleachtas nua náisiúnta do shuiteáil grianphainéal.

Leag an NSAI béim shonrach freisin in 2009 ar an gcuspóir de scéimeanna suiteálaithe nua a fhorbairt chun muinín tomhaltóra a chinntiú le linn uasghrádú um laghdú carbóin. Chun na críche seo, chuireamar clárúchán ar fáil do shuiteálaithe d'insliú lochta séidte, d'insliú cuasbhalla iomlán agus d'insliú seachtrach agus thugamar isteach scéime deimhniúchán WEP (Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneoige) neamhspleách do mhargadh tomhaltóra Éireannaí Is éard atá sa rátáil WEP ná rátáil fuinnimh fhoriomlán, cosúil leis an lipéad BER (Rátáil Fuinnimh Foirgnimh) d'fhuinneog shainithe agus cóimeáil fráma fuinneoige. Leis seo, tá tomhaltóir ábalta roghanna eolasacha a dhéanamh agus atá siad ag infheistiú chun costais agus úsáid fuinnimh a laghdú chomh maith le hastuithe gáis cheaptha teasa.

## AG CABHRÚ LE TIONSCAL ÉIREANNACH ÚSÁID FUINNIMH AGUS ÁBHAIR A BHAINISTIÚ

Tá an cur chun cinn de dheimhniúchán go I.S. EN 16001, an caighdeán Eorpach do Chórais Bainistíochta ar Fhuinneamh, mar phríomhchuspóir an NSAI i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt d'inbhuanaitheacht tríd ábhair fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú. Tá an caighdeán Eorpach bunaithe ar an gcaighdeán Éireannach IS 393:2008, a d'fhorbair an NSAI leis an SEAI. Tá glacadh an I.S. EN 16001 ar fud na hEorpa mar neartú láidir don NSAI agus d'Éirinn, lena dtaispeántar go bhféadfaimid a bheith chun tosaigh maidir le nuálaíocht de chaighdeáin nua den scoth. Ba iad grúpa cuideachtaí bunaithe in Éirinn na céad chuideachtaí chun an caighdeán nua seo a chur i bhfeidhm in Eoraip. Tá cuideachtaí amhail Diageo i mBaile Átha Cliath agus Heinz i nDún Dealgan ag easpórtáil a saineolas éifeachtacht fuinnimh go comh-mhonarchana ar fud an domhain, lena dtaispeántar go bhféadfaidh Éirinn a bheith chun tosaigh i mbainistíocht fuinnimh ar an stáitse domhanda.

Leis na forbairtí leanúnacha san earnáil bhainistíocht fuinnimh, táthar ag súil go mbeidh tionchar mór ag an gcaighdeán Eorpach ar chaighdeán nua idirnáisiúnta ar bhainistíocht fuinnimh, an ISO 50001, atá i mbun forbartha faoi láthair. De réir an Eagraíocht Idirnáisiúnta Caighdeánaithe (ISO), bunófar an ISO 50001, nuair a bheidh sé foilsithe, creat do mhonarchana tionsclaíoch, d'áiseanna tráchtála nó d'eagraíochtaí chun fuinneamh a bhainistiú. Ag díriú ar infheidhmeacht leathan ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha náisiúnta, meastar go bhféadfadh tionchar de 60% a bheith ar úsáid fuinnimh an domhain. Is é cuspóir an chaighdeáin ná cur chuige córasach a bhunú chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Tá sé bunaithe ar thinthriall plean-déan-seiceáil-gníomhaigh, leis na ceanglais maidir le beartas fuinnimh a bhunú le cuspóirí nithiúla, ag cur i ngníomh gníomhartha chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus í a laghdú agus riachtanais laghdaithe d'astuithe carbóin a chomhlíonadh. Is ball rannpháirtíochta é an NSAI i mBainistíocht Fuinnimh IC TC 242, an coiste idirnáisiúnta atá freagrach as an gcaighdeán seo a fhorbairt. Mar gheal ar an tábhacht domhanda atá curtha i mbainistíocht fuinnimh, is cosúil go mbeidh an caighdeán seo chomh suntasach sna chéad deich mbliana atá le teacht is a bhí na córais bainistíochta cáilíochta ISO 9000 sna nóchaidí.

# IS ÚSÁID MHAITH FUINNIMH É AN COMHOIBRIÚ

I measc na ndaoine a bhainfidh leas as an gcomhoibriú idir an NSAI agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) tá na úinéirí tí agus gnóthaí beaga Éireannacha atá samhargadh insliú baile

Bhí an dhá ghníomhaireacht ag obair go dlúth le chéile le déanaí chun cur chuige comhordaithe a chur ar fáil maidir le caighdeáin agus cleachtais Éireannacha a ardú ó thaobh táirgí agus seirbhísí d'fhuinneamh inbhuanaithe, agus chun an clár oibre náisiúnta um éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn.

Is comhlacht deimhniúchán ainmnithe é an NSAI do tháirgí inslithe áirithe agus seirbhísí suiteála faoi scéim um Spáráil Fuinnimh sa Bhaile de chuid an SEAI, lena dtugtar deontais d'úinéirí tí chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh dá gcuid tithe. Is deimhniú é an deimhniúchán seo don SEAI agus don úinéir tí go bhfuil a gcuid táirgí agus seirbhísí inslithe oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil na suiteálaithe ag obair de réir caighdeáin aitheanta.

Comhoibríonn an NSAI agus an SEAI freisin leis an bhFóram Tógála, agus bíonn ról ceannasaitheacha acu ann. Is éard atá san Fhóram ná comhaontas tógála ina bhfuil an DOEHLG agus FÁS. San fhóram seo, bailítear saineolas na gcomhlachtaí seo chun cur chuige comhordaithe, comhsheasmhach agus tráthúil a chinntiú maidir le treoracha éagsúla an AE, caighdeáin táirge, deimhniúchán, scéimeanna agus saincheisteanna laistigh den tionscal tógála, lena n-áirítear éifeachtacht fuinnimh agus táirgí agus seirbhísí fuinnimh in-athnuaite.

Is sampla den obair seo, é an cód cleachtais náisiúnta nua, a tosaíodh in 2009, maidir le suiteáil na ngrianphainéal, arna fhorbairt ag an SEAI, NSAI agus an DOEHLG, agus a eisíodh le déanaí i gcomhar comhairliúchán poiblí.

"Sa timpeallacht eacnamaíoch reatha tá dualgas ar gach páirt de sheirbhís phoiblí na hÉireann oibriú le chéile agus cur chuige comhtháthaithe a ghlacadh maidir le tacaíocht agus cosaint a thabhairt d'fhiontar agus don tomhaltóir," a deir POF NSAI Maurice Buckley.

"Ag obair i gcomhpháirtíocht, is féidir le Éire plc leas a bhaint as na réimsí a bhfuil tábhacht eacnamaíoch ag baint leo, amhail fuinneamh inbhuanaithe go háirithe. Cuirimid luach ar ár gcomhoibriú le SEAI, mar gheall go bhfuil éifeacht dhearfach láidir aige ar thionscal agus ar an tsochaí."

Is príomhchuspóir náisiúnta é bunathrú timpeallacht tógtha na hÉireann go leibhéil ísle fuinnimh agus carbóin. Mar phríomhchuid dár rath den dúshlán seo a chomhlíonadh sna margaí iarfheistithe agus margaí nua tógtha araon, beidh an glacadh ar fud an tionscal tógala de tháirgí, suiteálacha agus seirbhísí gairmiúla feabhsaithe.

"Tá ról fíorthábhachtach ag caighdeáin agus ag cóid chleachtais láidire maidir leis seo," a deir Owen Lewis, POF de SEAI.

"Cuirimid fáilte go háirithe ar thionscnamh atá an NSAI ag déanamh chun tacaíocht a thabhairt don chlár oibre seo, agus ar na buntáistí a thagann as obair dhlúth, lena gcinntítear go bhfuil páirt iomlán ag soláthraithe seirbhíse agus táirgí tógála i gcomhlíonadh an dúshláin thábhachtaigh seo.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Is comhlacht corpraithe é an NSAI arna bhunú ag an an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, (NSAI) 1996.

Tá an Bord tiomanta chun a chinntiú go gcoimeádtar rialachas corparáideach d'ardchaighdeán ar fud an NSAI. Tá Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach an Bhoird foirmiúil i bhfeidhm ina bhfuil sonraí ann faoi stádas an NSAI maidir leis na hábhair shuntasacha go léir. Creideann an Bord go páirt bhunúsach é dár bhfreagracht ná na caighdeáin arda a choiméad sa réimse seo.

D'fhonn an Cód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stát 2009 a chur i bhfeidhm, is comhlacht Stát neamh-tráchtála é an NSAI

## RÁITEAS COMHLÍONTA LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE RIALACHAS NA GCOMHLACHTAÍ STÁT

I gcomhréir le riachtanais de 13.1 na Riachtanais um Thuairisciú Breise, chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an Aire, i gcomhar leis na tuarascálacha agus cuntais bhliantúla den NSAI, tuarascáil chuimsitheach lena gcuimsítear comhlíonadh an NSAI leis an gCód. Ar feadh na bliana dar chríoch 31 Nollaig, 2009, chomhlíon an NSAI go substaintiúil le forálacha an Chóid.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## COMHALTAÍ

**Éifeachtacht an Bhoird**

Le linn na bliana airgeadais 2009, bhí an Bord comhdhéanta de 13 Comhalta, an Cathaoirleach, naoi gComhalta neamhfheidhmeannacha neamhspleácha, dhá Ionadaí Foirne agus an Príomhfheidhmeannach.

Thionóil an Bord go foirmiúil sé huaire le linn na bliana. Is é seo a leanas an tinreamh ag cruinnithe an Bhoird NSAI agus a Choistí do 2009:

| Coiste | Bord | Iniúchadh | Luach Saothair (Nóta2) | Rialachas |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na gCruinnithe** | **6** | **4** | **2** | **2** |
| A. Riordan<br>*Cathaoirleach Coiste Rialachas Cathaoirligh* | 5 | - | 2 | 2 |
| M. Buckley<br>*Príomhfheidheidhmeannach* | 6 | - | - | - |
| B. Cunningham<br>*Ar scor 14 Aibreán 2009* | 1 (1) | - | - | - |
| H. Curley<br>*Príomhfheidhmeannach* | 6 | 4 | 2 | - |
| N. Fitzsimons<br>*Fuair bás Nollaig 2009* | 4 (5) | - | 1 (2) | - |
| D. Gargan<br>*Cathaoirleach ceaptha ar an gCoiste Iniúchta Meán Fómhair 2009* | 6 | 4 | 1 (1) | - |
| R. Hadfield<br>*Ceaptha 15 Aibreán 2009* | 5 (5) | - | - | 2 |
| An Dochtúir S. McCarthy<br>*Ar scor 14 Aibreán 2009* | 1 (1) | - | 1 (1) | - |
| J. MurnaneO'Connor | 4 | - | - | 1 |
| M. O'Leary<br>*Cathaoirleach Coiste Luach Saothair* | 3 | 2 | 1 (1) | - |
| K. Ryan<br>*Ceaptha 15 Aibreán 2009* | 5 (5) | 0 (1) | - | - |
| D. O'Loughlin<br>*Athcheaptha 15 Aibreán 2009* | 4 | - | - | 2 |
| E. Stack<br>*D'éirigh sé as mar Chathaoirleach den Choiste Iniúchta Meán Fómhair 2009* | 6 | 4 | - | - |
| E. Wade | 5 | - | - | 1 (1) |
| M.I. Walsh | 6 | - | 1 (1) | 1 (1) |
| P. Bracken<br>*Rúnaí* | 5 | 4 | 2 | 2 |

**Nóta 1** Tagraíonn na huimhreacha ata scríofa ináirde do líon na gcruinnithe a raibh an duine in ann freastal orthu toisc an am le linn na bliana a ceapadh iad nó ar imigh siad ar scor.

**Nóta 2** Is é an teideal oifigiúil den Choiste Luach Saothair ná Coiste Luach Saothair um Fheidhmíocht agus Ceapadh POF

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá ceithre choiste bhuana bunaithe ag an mBord, an Coiste Iniúchta, an Coiste Luach Saothair, an Coiste Rialachas agus an Coiste Comhairleoireachta Ainmnithe Feidhmíonn siad seo laistigh de théarmaí sainithe tagartha, a ndéantar athbhreithniú orthu ag eatraimh rialta.

**Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach**

Tá deighilt shoiléir d'fhreagrachtaí idir bhainistíocht éifeachtach an Bhoird agus an fhreagracht feidhmeannach do bhainistíocht an NSAI. I Lámhleabhar an Bhoird um Rialachas Corparáideach tá cur síos ann de Ráiteas Deighilte Freagrachtaí idir an Cathaoirleach agus an POF.

**Measúnú ar Fheidhmíocht an Bhoird**

Le linn 2009, choimisiúnaigh an Bord Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird

## AN COISTE INIÚCHTA

**Ballraíocht agus Dualgais**

Le linn 2009, bhí an Coiste Iniúchta comhdhéanta de chúigear Comhalta neamhspleách neamhfheidhmeannach mar atá sainithe i sceideal na gComhaltaí agus Coistí.

Mar chuntasóir cáilithe tá an taithí airgeadais ábhartha ag an tUasal D. Gargan, mar atá de cheanglas ag an gCóg.

Níl Cathaoirleach an Bhoird ina Chomhalta den Choiste Iniúchta.

San áireamh i ndualgaisí an Coiste Iniúchta tá athbhreithniú ar rialaithe airgeadais an NSAI agus beartais chuntasaíochta, athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúchóirí agus cúnamh don Bhord lena gcinntítear go bhfuil na ráitis airgeadais a foilsíodh fíor agus cothrom, agus lena gcinntítear faisnéis airgeadais inmheánach chun cinntí a dhéanamh. Déanann an Coiste athbhreithniú ar phróiseas Bainistíochta Riosca agus ar an gClár Riosca ar son an Bhoird.

**Tuarascáil an Coiste Iniúchta**

Ullmhaíonn an Coiste Iniúchta tuarascáil bhliantúil chuimsitheach i gcomhar glacadh ón mBord, maidir le gníomhaíochtaí an Coiste Iniúchta agus ar an timpeallacht rialuithe inmheánaigh. San tuarascáil, cuirtear deimhniú ar fáil don Bhord go ndearnadh i ndóthain iniúchta chun deimhniú réasúnta maidir le éifeachtúlacht an chórais de rialú inmheánach agus go ndearnadh measúnú ar thimpeallacht um rialú inmheánach don bhliain atá faoi athbhreithniú.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## COISTE LUACH SAOTHAIR

I gcomhréir leis na ceanglais den Cód agus den Chomhlacht Athbhreithnithe ar Luach Saothair sa tSeirbhí Phoiblí, bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair um Fheidhmíocht agus Ceapadh POF chun comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanmh don Bhord ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le luach saothair agus cuspóirí gnó. bhí an Coiste comhdhéanta de seisear Comhalta neamhspleách neamhfheidhmeannach mar atá sainithe i sceideal na gComhaltaí agus Coistí.

Freastalaíonn an Rúnaí ar chruinnithe agus cuirtear tacaíocht rúnaíochta ar fáil d'oibríochtaí an Choiste.

**Luach Saothair na gComhaltaí**

Socraítear luach saothair na gComhaltaí trí thagairt a dhéanamh do bheartais phá an Rialtais mar atá leagtha amach sa bharántas ceapacháin arna eisiúint ag an Aire.

Tá an NSAI ag comhlíonadh beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus treoracha an Rialtais maidir le íocaíocht na dtáillí do Chomhaltaí an Bhoird. I Nóta 14 do na Ráitis Airgeadais, tá tuilleadh sonraí le fáil maidir le Luach Saothair na gComhaltaí agus den Phríomhfheidhmeannach.

## AN COISTE COMHAIRLEOIREACHTA AINMNITHE

Le linn 2009, bhunaigh an Bord Coiste Comhairleoireachta Ainmnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus comhdhéanamh an Bhoird laistigh de riachtanais Acht an NSAI 1996.

Tionólfar an chéad chruinniú den Choiste roimh Chomóradh Lae de Bhunú an NSAI in 2010 chun na ceanglais atá ar na daoine a ceapadh chuig an mBord agus agus chun comhairle a thabhairt don Aire. Tá gach ceapachán chuig an mBord déanta ag discréid an Aire.

## AN COISTE RIALACHAIS

Déanann Coiste Rialachais an Bhoird maoirseacht maidir le creat rialachais an NSAI. San áireamh sna dualgais tá deaslabhairt de struchtúir fhoriomlán um rialachas corparáideach, athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméadú rialachais, lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta, cód iompair, Lámhleabhar an Bhoird um Rialachas Corparáideach agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an NSAI le Cód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stát agus déantar moltaí cuí don Bhord.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## CAIDRIMH LEIS AN ROINN

Tagann an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach agus an tAire le chéile go rialta chun cuspóirí agus feidhmíocht an NSAI a phlé.

Chomh maith leis na hidirghníomhartha leanúnacha, buaileann an Príomhfheidhmeannach agus stiúrthóirí feidhmeannacha le hoifigigh ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i gcruinnithe idirchaidrimh ar sceideal aontaithe le linn na bliana.

## TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le ráiteis airgeadais bhliantúla leagtha amach sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird ar leathanch 28.

## FREAGRACHT AS RIALÚ INMHEÁNACH AGUS RIOSCA

Tá córas um rialú inmheánach i bhfeidhm ag an NSAI, i gcomhréir leis na ceanglais den Chód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stát, a dheartar chun sócmhainní an NSAI a chosaint agus chun a oibríocht éifeachtach a éascú. Ceapann an Bord go bhfuil rialú inmheánach láidir an-tábhachtach do dhea-bhainistíocht an NSAI, agus tá sé tiomanta i gcomhar rialú dian airgeadais, oibríochta agus bainistíochta riosca a choimeád ina ngníomhaíochtaí go léir.

Tá na Comhaltaí freagrach as an gcóras um rialú inmheánach agus as a éifeachtúlacht a athbhreithniú. Deartar córas dá leithéid chun an riosca teipe maidir le cuspóirí gnó a bhaint amach a bhainistiú seachas é a dhíothú, agus ní fhéadfaidh sé ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú daingean i gcoinne míráitis nó caillteanais ábharaigh a chur ar fáil. Tá próiseas leanúnach ar bun chun rioscaí atá os comhair an NSAI trí struchtúr tuairiscithe bainistíochta a aithint, a mheas agus a bhainistiú.

Ghlac an Bord tuarascáil bhliantúil den Coiste Iniúchta maidir le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach do tréimhse a chuimsíonn na cuntais i gcomhréir le riachtanais an Chóid. Le linn na bliana, níos aimsíodh aon laigí suntasacha.

Is iad na príomhghnéithe de rialú inmheánach laistigh den NSAI ná monatóireacht a dhéanamh ar na príomhriosca mar a dhéantar cur síos orthu thíos.

**Timpeallacht Rialaithe**

Tá struchtúr eagraíochta soiléir i bhfeidhm, sainítear leibhéil údaráis agus tarmligtear freagracht as rialú oibríochtúil don Phríomhfheidhmeannach. Cé go bhfuil treoirlínte agus tuairisciú bainistíochta i bhfeidhm do gach aonad gnó, déanann an Coiste Iniúchta monatóireacht ar na rialuithe seo trí chlár iniúchta inmheánach de thrí bhliana.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Aitheantas agus Measúnú de na Rioscaí agus Cuspóirí Rialaithe**

Tá an phríomhfhreagracht ag an Bord maidir le bainistíocht rioscs an NSAI agus le forbairt na mbeartas agus nósanna imeachta cuí a chinntiú chun iad a bhainistiú. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an gClár Riosca ag gach cruinniú den Choiste. Tarmligeann an Bord freagracht as na rioscaí  sin a bhainistiú don bhainistíocht shinsearach. Tuairiscítear don Bhord éifeachtúlacht na nósanna imeachta un rialú riosca uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad.

**Tuairisciú Airgeadais**

Tá córas réamhaisnéise, tuairiscithe airgeadais, buiséid cuimsitheach i bhfeidhm san NSAI. Déantar athbhreithniú orthu seo ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe ar leibhéal feidhmeannach araon, chun a chinntiú go n-aithnítear éagsúlachtaí agus neamhréiteach agus go réitítear iad ar bhonn tráthúil. Cuitear i láthair athbhreithniú airgeadais ag gach cruinniú an Bhoird, chomh maith le cuntais do na haonaid ghnó ábhartha agus tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le príomhtháscairí feidhmíochta do gach aonad gnó. Ag deireadh gach bliana airgeadais ullmhaíonn na gnóthaí oibríochtúla buiséid don bhliain dár gcionn. Déanann an Bord athbhreithniú ar bhuiséid sula nglactar go hoifigiúil leo.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE AGUS PRÍOMHCHÓRAIS MHONATÓIREACHTA A ÚSÁIDEANN AN BORD

Tá roinnt nósanna imeachta rialaithe tábhachtacha i bhfeidhm a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu. Cuimsíonn siad na príomhrioscaí atá roimh an NSAI agus go príomha baineann siad le hoibríocht agus airgeadas.

Ina theannta sin, measann an Bord na hábhair seo a leanas.

**Riosca tráchtála:** tuairiscítear conarthaí tráchtála don Bhord agus riallaítear iad tríd úsáid na leibhéal údaraithe cuí.

**Measúnú ar infheistíocht:** Tá nósanna imeachta ag an NSAI do mheasúnú agus bainistíocht na dtionscadal caiteachais caipitil. Comhlíonann na nósanna imeachta seo na prionsbail arna leagan amach sna Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals.

**Ábhair dhlíthiúla:** tuairiscítear dlíthíocht shuntasach agus ábhair dhlíthiúla don Bhord.

# RÁITEAS UM RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Comhlíonadh reachtaíochta:** Déanann an NSAI monatóireacht ar fhorbairtí reachtúla chun cothabháil an chórais chomhlíonta a chinntiú. Go háirithe, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an NSAI dóibh seo a leanas:

- Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- An tAcht um Íocaíochtaí Prasa de Chuntais, 1997
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
- Na hAchtanna um Chomhionnas Fostaíochta 1998 agus 2004

Rialuithe airgeadais gnó oibríochtúla: tá na rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais, a chaithfidh gach gnó oibríochtúil a comhlíonadh, sainithe ag an mbainistíocht fheidhmeannach.

Pleanáil straitéiseach: tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as an mBord a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha an NSAI. Déanann an Bord athbhreithniú ar phleananna straitéiseacha mar chuid den phróiseas pleanála gnó leanúnach.

**Córais ríomhaire:** Stóráiltear agus próiseáiltear formhór na faisnéise a bhaineann le bainistíocht airgeadais an NSAI ar chórais ríomhaire. Dá réir sin, bhunaigh an NSAI rialuithe agus nósanna imeacht le haghaidh slandála na sonraí atá ar chórais ríomhaire.

**Iniúchadh inmheánach:** Tá a fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag an NSAI le conradh de thrí bhliana.

Leis na struchtúir rialachais a cuireadh i bhfeidhm tá an Bord sásta go gcuirtear deimhniú réasúnta ach ní deimhniú daingean ar fáil go bhfuil na sócmhainní slán, go bhfuil na hidirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar earráidí ábhair nó go n-aimseofar iad go tráthúil agus go bhfuil an NSAI ag comhlíonadh a ndualgais faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stát 2009 agus leis na ceanglais reachtaíochta ábhartha.

Le hordú ón mBord
29 Meitheamh 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA 2009


| | |
|---|---|
| RÁITEAS D'FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD | 28 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 29 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE | 31 |
| COMHALTAÍ AN BHOIRD & FAISNÉIS GHINEARÁLTA | 33 |
| BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 34 |
| CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS CHOMHDHLÚITE | 37 |
| RÁITEAS AR GHNÓTHACHÁIN & CAILLTEANAS AITHEANTA | 38 |
| CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE | 39 |
| RÁITEAS SREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE | 40 |
| NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 41 |

# RÁITEAS D'FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN BHOIRD


Do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2009

Éilíonn alt 8(2) den Chéad Sceideal don Acht um Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann, 1996 ar an Údarás gach cuntas ceart faighte agus caite aige, in a leithéid d'fhoirm a bheadh faofa ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le comhthoil an Aire Airgeadais, a choimeád, agus go háirithe, coimeádfaidh sé in a leithéid d'fhoirm mar a sonraíodh cheana féin, gach cuntas speisialta a stiúrfadh an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochtaó am ho ham. In ullmhú na gcuntas seo, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúntais agus meastacháin réasúnta agus ciallmhara a dhéanamh;
- aon difríocht ábhair ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochtaa nochtadh nó a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidhag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, a nochtanngo réasúnta cruinn ag am ar bith a staid airgeadais, agus a chumasaíonn dóa chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais le halt 8 de Chéad Sceidealden Acht um Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann, 1996 Tá an Bord freagrach chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus as céimeannaréasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ar son an Bhoird



**Ann Riordan**
Cathaoirleach



**David Gargan**
Bainisteoir an Bhoird

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Bhord NSAI, admhaím ár bhfreagracht as cinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córas éifeachtach um rialúchán inmheánach airgeadais san Údarás.

Níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go bhfuil na sócmhainní slán, idirbheartaíochtaí ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta díobh agus go n-aithneofaí nó go stopfaí earráidí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

Tá ceimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe achinntiú trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú do mhonatóireacht a dhéanamhagus do chosaint sócmhainní na heagraíochta;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhiniú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt trasna gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próiséis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Próiseas bainistíochta ar riosca foirmiúil a oibriú. Déanann an próiseasseo breathnú ar na rioscaí príomhúla os comhair an Údaráis maidir lenafheidhm a chomhlíonadh agus a chuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- Tá Bainistíocht Fheidhmeannach freagrach chomh maith as sainiú agusmeasúnú ar rioscaí suntasacha agus do dhearadh agus cur i bhfeidhm narialúchán inmheánach cuí.
- Tugann Bainistíocht Fheidhmeannach tuarascáil don Bhord ar athruithesuntasacha in oibríochtaí den Údarás agus a rioscaí comhcheangailte.

Tá an coras inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar fhráma gnáth eolaisbainistíochta ina bhfuil córais riaracháin, nósanna imeachta riaracháin, lenan-áirítear leithscarúint dualgas, córas toscaireachta agus freagrachta. Sanáireamh anseo go háirithe tá:

- Teorainneacha údaraithe atá sainithe go soiléir, leithscaradh dualgas agus na rialacháin atá ar fáil óna gcórais airgeadais. Tá an córas seo maoirsithe ag an gCoiste Iniúchta, a théann i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas seo a scrúdú agus a thástáil.
- Oibriú córais bhuiséadaigh rialaithe ar a dhéantar comparáid ina choinnei rith na bliana le fíor-fheidhmiúchán. Tugtar tuarascáil de thorthaíairgeadais don Bhord le héagsúlacht i gcoinne buiséid cheistithe.
- Tá gá le faomhadh an Bhoird do gach eochair-údarás íocaíochta agus sainorduithe baincéireachta.
- Tugann an Coiste Iniúchta, fo-choiste den Bhord, faomhadh dophleananna iniúchta inmheánacha agus déileálann sé le buncheisteannarialaithe suntasacha ardaithe ag na hiniúchóirí inmheánacha nó seachtracha. Deimhníonn an Coiste go bhfuil an obair atá déanta ag an bhfeidhm iniúchta inmheánach dírithe ar réimsí den riosca nó nochtadh is mó.

Tá feidhm iniúchta inmheánach foinsithe allamuigh, a ghníomhaíonn i gcomhréir leis an gCód Creatlaí de Dhea-Chleachtas leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus a thuganntuarascáil díreach don Choiste Iniúchta. Tá obair an iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí ainilís maidir le rioscaí faoina nochtar an comhlachas, agus tá pleananna inmheánacha iniúchta bunaithe ar an ainilís seo. Tá an anailís ar rioscaí agus na pleananna iniúchta inmheánacha formhuinithe ag angCoiste Iniúchta. Buaileann an Coiste Iniúchta le chéile ar bhonn rialta i rithna bliana chun athbheithniú agus deimhniú a dhéanamh ar leorgacht aguséifeachtacht an chórais a Rialú Airgeadais Inmhéanach.

Cuirtear an Bord ar an eolas maidir le monatóireacht agus éifeachtúlachtan chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh ag an Iniúchóir Inmheánach,an Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaighagus na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den NSAI a bhfuil freagrachtacu d'fhorbairt agus do chothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Deimhním, i leith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2008, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais umrialúcháin inmheánacha airgeadais.

**Ann Riordan**
Cathaoirleach

# TUARASCÁIL AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE DO CHUR I LÁTHAIR DO THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann 1996.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a bhí ullmhaithe faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ann, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, an RáiteasSrabhadh Airgid Comhdhlúite agus na nótaí comhcheangailte.

## FREAGRACHTAÍ AR LEITH DEN BHORD AGUS DEN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht um Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann 1996, agus do rialtacht idirbhearta a chinntiú. Ullmhaíonn Údarás Náisiúnta Caighdeáin na hÉireann na ráitis airgeadais i gcomhréir leCleachtas Cuntasaíochta Coitianta a Ghlactar Leis in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas d'FhreagrachtaíBhaill an Bhoird.

An cúram atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht cuí agus de réir ChaighdeáinIniúchóireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim tuarascáil ar mo thuairim maidir le seo a leanas: an dtugtar léargas fíor agus cothrom, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tugaim tuarascáil ar mo thuairim chomh maith maidir le coimeád ceart leabhar cuntasaíochta. Ina theannta sin, luaim an bhfuil na ráitisairgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasaíochta.

Tugaim tuarascáil d'aon uair suntasach nuair nach raibh airgead curtha i bhfeidhm do na cuspóirí a beartaíodh dó ar dtús, nó áit nach raibh na bearta i gcomhlíonadh leis na húdaráis rialaithe.

Tugaim tuarascáil chomh maith muna bhfuil an t-eolas agus na mínithe ar fad faighte agam a raibh gá leo do chuspóirí mo iniúchadh.

Déanaim athbhreithniú maidir le léiriú chomhlíonadh an Údaráis sa Ráiteasar Rialú Inmheánach Airgeadais leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus tuarascáil ar aon uair suntasach nuair nach ndéantar a leithéad, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach le eolas eile a táim d'fheasacht air de bharr m'iniúchadhar na ráitis airgeadais. Níl sé de dhualgas orm breithniúchán a dhéanamh maidir le clúdach an Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais ar gach riosca airgeadais agus rialúcháin, nó tuairim a chur trasna maidir le héifeachtúlacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léim eolas eile atá ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú maidir lena gcomhsheasmhacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim breithniúcháin ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má éirím feasach ar aon mhíráiteas dealraitheach nó neamh-chomhsheasmhacht suntasach leisna ráitis airgeadais.

## BUNÚS DE THUAIRIM INIÚCHTA

Agus mé ag cleachtadh m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) eisithe ag an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta, agus trí thagairt do na breithnithe ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tastála, d'fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh agus rialtacht na mbeart airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. San áireamh ann chomh maith tá measúnachtar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a bhí déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus measúnacht maidir le hoiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta do chúinsí an Údaráis – an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go leorcheart.

Phleanáil mé agus thóg mé faoi m'iniúchadh sa slí is go mbeadh an t-eolas agus na mínithe go léir a cheap mé a raibh riachtanach ar fáil dom, ionas go mbéinn soláthartha le dóthain fianaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas suntasach, cé acu de bharr calaoise nó mírialtacht eile nó earráid. Agus an tuairim sin á fhoirmiú agam, rinne mé measúnacht chomh maith ar acmhainneacht fhoriomlán an eolais sna ráitis airgeadais.

## BÉIM AR ÁBHAIR – MAOINIÚ PINSIN IARCHURTHA

Gan mo thuairm a cháiliú, tarraingím aird ar nóta 11(c) de na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn i leith deonaithe pinsin iarchurtha – luach reatha an mhaoinithe a cheapann sé a mbeidh soláthraithe sa todhchaí ag an Stát chun dliteanais phinsin a shroicheadh de réir mar ambíonn siad iníoctha. Sa chóireáil chuntasaíochta seo tá foshuíomh go mbeidh aon ioncam ginte ag an Údarás sa chéad dul síos curtha i bhfeidhm i dtreo costas reatha agus go mbeidh maoiniú ón Stát freagrach as aon easnamh reatha nó sa todhchaí i sócmhainní lena n-áirítear dliteanaisphinsin sa todhchaí.

## TUAIRIM

I mo thuairim tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2009, agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliaindar críoch ansin.

I mo thuairim, bhi leabhair chuntasaíochta chearta coimeádta ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasaíochta.



**John Buckley**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
30 Meán Fómhair 2010

# COMHALTAÍ AN BHOIRD & FAISNÉIS GHINEARÁLTA

## BORD AN NSAI

Cuimsíonn Baill Bhord NSAI, atá ceaptha ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta na daoine seo a leanas:

### Comhaltaí an Bhoird

A. Riordan – Cathaoirleach
M. Buckley – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
B. Cunningham – Ar scor 14 Aibreán 2009
H. Curley
N. Fitzsimons – Fuair bás Nollaig 2009
D. Gargan
R. Hadfield – Ceaptha 15 Aibreán 2009
An Dr. S.J. McCarthy – Ar scor 14 Aibreán 2009
J. Murnane O'Connor
M. O'Leary
K. Ryan – Ceaptha 15 Aibreán 2009
D. O'Loughlin – Athcheaptha 15 Aibreán 2009
E. Stack
E. Wade
M. I. Walsh

P. Bracken – Rúnaí an Bhoird

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

### Ardoifig:

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9.

### Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Baincéirí:

Allied Irish Banks

### Dlíodóirí:

McCann Fitzgerald

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### ACH T AN ÚDARÁIS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚN TA NA hÉIREANN, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar14 Aibreán 1997 faoi Chuid 6 d'Acht an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúntana hÉireann, 1996. Ar an lá bunaithe bhí an réadmhaoingo léir, a bhí i seilbh NSAI mar Choiste d'Fhorfás díreach roimh an lá sin, dílsithe san Údarás.

Sholáthair na forálacha trasdultacha leagtha amach i gCuid III den Acht um Fhorbairt Tionsclaíoch (Fiontar Éireann), 1998 d'aistriú go dtí an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an réadmhaoin, na cearta agusna dliteanais go léir den Seirbhís Mhéadreolaíochta Dlíthiúil curtha ar siúldíreach roimh an lá sin ag Forbairt.

**Is é seo a leanas an bunús de bheartais chuntasaíochta agus chuntasaíochtashuntasacha:**

### A) BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le comhchumaracht ón Aire Airgeadais faoi Acht an Údaráis umChaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach sna cásanna thíosluaite agus de réir an Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta a bhfuil glacadh leo. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais atá molta ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir agus is infheidhme iad.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite na ráitis airgeadais denÚdarás agus dá fhochomhlacht NSAI Inc. Níl difear idir beartais chuntasaíochta an fhochomhlachta agus beartais an Údaráis.

### B) IONCAM

Tá cuntas ar gach ioncam, seachas ar an Deontas Oireachtas, don tréimhse ina raibh sé tabhaithe.

### C) DEONTAS AN OIREACHTAIS

Déantar cuntas ar seo ar bhonn airgid thirim seachtas nuair a fhaighteardeontas sa bhliain i leith scaoileadh dliteanas sa bhliain dar gcionn, tá an deontas iarchurtha.

## D) TIONTÚ D'AIRGEADRA IASACHTA

### Idirbhearta d'Airgeadra Iasachta

Maidir le sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí iasachta, déantar iad a thiontú ar na rátaí malairte ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Tá tiontú déantar ar ioncam agus costais agna rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na mbun-idirbheart. Déileáiltear le brabúis agus caillteanais ó idirbhearta d'airgeadra iasachta nuair asocraítear na méideanna infhála agus iníoctha in airgeadra iasachta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Oibríochtaí Iasachta

Nuair a tiontaítear torthaí na hoibríochta iasachta do chur isteach sna ráitisairgeadais, déantar tiontú ar shócmhainní agus dliteasnais ag ráta malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aithnítear i gcúlchistí an difríocht tiontaithe ó athráiteas oibríochtaí iasachta san airgeadra feidhmiúil euro de bharr athruithe i rátaí malairte (An Cuntas Ioncaim agus Caiteachas faoin teideal 'coigeartú tiontaithe' maidir le hearraí airgeadra agus an Cuntas Caipitiúil maidir le sócmhainní seasta maidir le difríochtaí tiontaithe. Tá tiontú ar ioncam agus costaisag rátaí malairte de mheán-tréimhse míosúil. Aithnítear i gcúlchistí nahoibríochta iasachta chomh maith le haon difríocht tiontaithe atá mar thoradhi gcomparáid le ráta an Chláir Chomhardaithe.

## E) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsite atá faoi úinéireacht NSAI agus atá dearbhaithe ag a gcostas lúide dímheas tiomsaithe. Ríomhtar dímheas chun go dtíscíobhtar an costas de shócmhainní seasta thar a saolta úsáideacha measta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Fearas, Daingneáin & Feistithe | 5 bliana |
| Ríomhairí | 3 bliana |
| Talamh agus Foirgnimh | 50 bliain |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |

## F) CUNTAS CAIPITIL

Seasann an Cuntas Caipitil do ioncam an deontais úsáidte i gcomhair ghnóthú Shócmhainní Seasta agus tá sé scríofa síos i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála do na sócmhainní gaolmhara.

## G) FÉICHIÚNAITHE

Tá féiciúnaithe luaite glan de sholáthar i gcomhair neamh-ghabháil fiach donaagus amhrasach. Déantar foráil i gcoinne neamh-ghabhála d'fhéiciúnaithe i gcoinne féiciúnaithe amhrasacha ar leith le foráil sa bhreis i gcoinne fiach trádáil eile nuair is cuí.

## H) LÉASANNA

Déileáiltear le cíosanna dlite faoi léasanna oibríochtúla sna ráitis airgeadais de réir mar a mbíonn siad dlite.

## I) AOISLIÚNTAS

Aithníonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanas Aitheanta agus an Clár Comhardaithe idirbhearta pinsin, gluaiseachtaí agus comharduithe i gcomhréir leriachtanais an Chaighdeáin ar Thuairisciú Airgeadais 17, Tairbhí Scor.

**Scéim Forfás**

Leanann an fhoireann atá ag obair in NSAI, a raibh ina baill bhuana d'fhoireann Forfás díreach roimh an lá bunaithe, lebheith ina baill den fhoireann luaite sin faoi Alt38(1)(a) d'Acht an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996. Dá réir sin , faoi Pharagraf 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionsclaíoch, 1993, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsinfostaithe na foirne seo.

**Scéim NSAI**

I bhfeidhm ag an NSAI tá scéim phinsin sochair sainithe atá maoinithe go bliantúilar bhonn 'íoc de réir mar a théann tú' ó airgid atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgid arna soláthar ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí bainte as turastail na foirne.

Déantar fiacha na scéime pinsin a luacháil ar bhonn achtúireach ag úsáid an modh aonaid réamh-mheasta.

Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostuithe satréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonnan NSAI. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsin mar ioncama mhéad is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontaisfaighte sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a úrscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag éirí as athruithei bhfoshuíomhanna achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh,sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta don bhliain inadtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéidinghnóthaithe ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin an luach láithreach ar íocaíochtaí pinsinamach anseo tuillte ag an bhfoireann go dáta. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha don sócmhainn chomhfhreagrach le bheith gabháilte i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

# CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS CHOMHDHLÚITE

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

| | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | 2 | **17,499,425** | 17,476,724 |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán agus Costais Ghinearálta | 3 | **25,808,204** | 24,595,983 |
| **Easnamh roimh Deontas an Oireachtais** | | **(8,308,779)** | (7,119,259) |
| **Deontais ón Oireachtas** | 4 | **8,339,148** | 7,939,931 |
| **Barrachas Oibríochtúil don bhliain** | | **30,369** | 820,672 |
| Aistriú ón/chuig an Cuntas Caipitil | 5 | **297,717** | (468,444) |
| Coigeartú Tiontaithe | | **(52,787)** | 39,826 |
| **Barrachas don Bhliain** | | **275,299** | 392,054 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | **2,049,678** | 1,657,624 |
| Iarmhéid ag 31 Eanáir | | **2,324,977** | 2,049,678 |

Tá na méideanna taispeáinte faoi Ioncam agus Caiteachas i leith gníomhaíochtaí leanúnacha. Is codanna de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

**Ar son an Bhoird**

**Ann Riordan**
Cathaoirleach

**David Gargan**
Bainisteoir an Bhoird

# RÁITEAS AR GHNÓTHACHÁIN & CAILLTEANAS AITHEANTA

Amhail 31 Nollaig 2009

| | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| **Barrachas don Bhliain** | | **275,299** | 392,054 |
| Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar dliteanais scéime phinsin | 11 (d) | **1,900,000** | 346,000 |
| Athruithe i bhfoshuíomhanna faoi bhun luachreatha na dliteanas scéime pinsin | 11 | **(3,429,000)** | - |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) ar Dliteanais Scéime** | | **(1,529,000)** | 346,000 |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha** | 11 | **1,529,000** | (346,000) |
| **Gnóthachain Aitheanta iomlán don bhliain** | | **275,299** | 392,054 |

Is codanna de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

**Ar son an Bhoird**

**Ann Riordan**
Cathaoirleach

**David Gargan**
Bainisteoir an Bhoird

# CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

Amhail 31 Nollaig 2009

| | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **3,879,735** | 4,149,495 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | **3,655,591** | 3,981,218 |
| Banc | | **1,114,809** | 757,885 |
| | | **4,770,400** | 4,739,103 |
| Creidiúnaithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliainamnháin | 8 | **2,445,423** | 2,689,425 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **2,324,977** | 2,049,678 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha roimh Phinsin** | | **6,204, 712** | 6,199,173 |
| Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do Phinsin | 11 (c) | **30,000,000** | 25,400,000 |
| Dliteanais Phinsin | 11 (b) | **(30,000,000)** | (25,400,000) |
| **Sócmhainní Iomlána lúide dliteanais reatha tar éís Pinsin** | | **6,204,712** | 6,199,173 |
| **Glansócmhainní** | | **6,204,712** | 6,199,173 |
| **Arna airgeadú ag** | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 4 | **3,879,735** | 4,149,495 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **2,324,977** | 2,049,678 |
| | | **6,204,712** | 6,199,173 |

Is codanna de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 15.

**Ar son an Bhoird**

**Ann Riordan**
Cathaoirleach

**David Gargan**
Bainisteoir an Bhoird

# RÁITEAS SREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

| | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach de Ghlanghluaiseacht don Bhliain go Glan Insreabhadh Airgid ó Oibriúcháin** | | | |
| **Barrachas Oibríochtúil don bhliain** | | **30,369** | 820,672 |
| Muirear Dímheasa | 6 | **766,241** | 678,795 |
| Brabús ar diúscairt Shóchmhainní Dochtalnláimhsithe | | **(200)** | - |
| (Meadú)/Laghdú i bhFiachóirí agus Réamhíocaíochtaí | | **325,627** | (287,018) |
| i gCreidiúnaithe agus Fabhrú Coigeartú Tiontaithe | | **(244,002)** | 46,238 |
| Airgeadra | | **(52,787)** | 39,826 |
| **Glan Insreabhadh Airgid ó Oibriúcháin** | | **825,248** | 1,298,513 |
| **Ráiteas sreabhadh airgid** | | | |
| Glan Insreabhadh Airgid ó Oibriúcháin Ceannach | | **825,248** | 1,298,513 |
| de Shóchmhainní Seasta Inláimhsithe Díol | 6 | **(468,524)** | (1,147,239) |
| Shóchmhainní Seasta Inláimhsithe | | **200** | - |
| **Méadú in Airgid Tirim** | | **356,924** | 151,274 |
| **Imréiteach de Ghlan Airgead Tirim go Gluaiseacht in Airgead Tirim sa Bhanc** | | | |
| **Gluaiseacht in Airgead Tirim sa Bhanc sa Bhliain** | | **356,924** | 151,274 |
| **Glanchistí ag 1 Eanáir** | | **757,885** | 606,611 |
| **Glanchistí ag 31 Nollaig** | | **1,114,809** | 757,885 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

1 **Aistriú den Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta**

Aistríodh gníomhaíochtaí an Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta go dtí an NSAI ar 2 Meitheamh 2009 i ndiaidh an achtaithe den Acht um Fhorbairt Tionsclaíoch, 1998.

Chuir Fiontraíocht Éireann an t-ioncam agus na costais arna nginiúint ag an Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta i gcuntas suas go dtí an 1 Meitheamh 2009. Leis an aistriú den deontas NSAI, maoiníodh an glaneasnamh don tréimhse seo de réir Nóta 4. Chuir an NSAI an t-ioncam agus na costais arna nginiúint ag an Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta i gcuntas le héifeacht ón 2 Meitheamh 2009 agus léirítear iad sna figiúirí 2009.

Choinnigh Fiontraíocht Éireann na sócmhainní agus dliteanais den Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta, seachas na sócmhainní seasta. Aistríodh na sócmhainní seasta go léir seachas talamh agus foirgnimh ó Fiontraíocht Éireann go dtí an NSAI le linn 2009. (Nóta 6) Is í Fiontraíocht Éireann a choinníonn úinéireacht talún agus foirgnimh a bhaineann leis an Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta ar feitheamh aistriú úinéireachta go dtí an NSAI. Táthar ag súil go cuirfear i gcrích é seo in 2010.

| | | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | **Ioncam** | | | |
| | Táillí Deimhniúcháin | | **13,281,122** | 13,349,906 |
| | Díol Caighdeán | | **805,790** | 891,885 |
| | Ioncam Eile | | **330,568** | 280,766 |
| | Ús an Bhainc | | **10,945** | 8,167 |
| | | | **14,428,425** | 14,530,724 |
| | **Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin** | 11 (c) | **3,071,000** | 2,946,000 |
| | | | **17,499,425** | 17,476,724 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

| | | Nótaí | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | **Riarachán agus Costais Ghinearálta** | | | |
| | Pá agus costais Aoisliúntais | | **14,145,057** | 13,129,758 |
| | Costais phinsin | 11 (a) | **2,588,710** | 2,300,606 |
| | Luach Saothair agus Costais | 14 | **98,129** | 105,597 |
| | Bhaill an Bhoird Costais Taistil | | **1,335,789** | 1,569,256 |
| | Seirbhísí fo-chonraithe agus Gairmiúla | | **2,604,868** | 2,501,540 |
| | Cíosanna Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil Costais | | **1,848,178** | 1,327,845 |
| | Oibríochtúla Eile | | **1,792,034** | 2,286,227 |
| | Brabús ar dhiúscairt Shócmhainní | | **(200)** | 0 |
| | Seasta Síntiúis go hEagraíochtaí | | **603,547** | 668,859 |
| | Dímheas | | **766,242** | 678,795 |
| | Táille Iniúchta | 6 | **25,850** | 27,500 |
| | | | **25,808,204** | 24,595,983 |

**Cuimsíonn Pá agus Costais Aoisliúntais na foirne:**

| | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | **13,325,381** | 12,377,911 |
| Costas Leasa Sóisialaigh | **676,619** | 751,847 |
| Costais Aoisliúntais | **143,057** | - |
| | **14,145,057** | 13,129,758 |

B'ionann líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an 31 Nollaig 2009 agus 189. San áireamh anseo tá 27 fostaí ón Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta a d'aistrigh le linn na bliana ar bhonn iasachta.

| | | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| 4 | **Deontais Oireachtais** | | |
| | Deontas do Riarachán agus Costais Ghinearálta | **8,546,974** | 9,237,000 |
| | Aistriú an deontais go Fiontraíocht Éireann reSaotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta | **(207,826)** | (1,297,069) |
| | | **8,339,148** | 7,939,931 |

| | | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| 5 | **Cuntas Caipitil** | | |
| | Iarmhéid oscailte | **4,149,495** | 3,680,005 |
| | Galnghluaiseachtaí ar Shócmhainní Dochta Inláimhsithe | **(297,717)** | 468,444 |
| | Aistriú ón/chuig an Cuntas Ioncaim & Caiteachais | **(297,717)** | 468,444 |
| | Aistriú de dhócmhainní NML ó Fiontraíocht Éireann (Nóta 1) | **28,514** | |
| | Coigeartú Tiontaithe Airgeadra | **(557)** | 1,046 |
| | **Amhail 31 Nollaig** | **(3,879,735)** | 4,149,495 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

| 6 | Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Trealamh, Fearas & Feistithe | Trealamh Ríomhaire | Talamh & Foirgnimh | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **COSTAS** | (€) | (€) | (€) | (€) | (€) |
| | Amhail 1 Éanair 2009 | 2,549,940 | 2,032,576 | 2,895,201 | 289,404 | 7,767,121 |
| | *Breiseanna* | 194,032 | 259,668 | (0) | 14,824 | 468,524 |
| | *Diúscairtí* | 0 | (6,670) | | (0) | (6,670) |
| | Aistriú de shócmhainní NML ó EI (Nóta 1) | 1,368,900 | 5,648 | | 11,000 | 1,385,548 |
| | Coigeartú Tiontaithe | (1,610) | (3,128) | | | (4,738) |
| | Amhail 31 Nollaig 2009 | 4,111,262 | 2,288,094 | 2,895,201 | 315,228 | 9,609,785 |
| | **DÍMHEAS** | | | | | |
| | Amhail 1 Éanair 2009 | 1,308,683 | 1,532,878 | 596,129 | 179,936 | 3,617,626 |
| | *Muirear don bhliain* | 377,367 | 282,047 | 57,904 | 48,923 | 766,241 |
| | *Diúscairtí* | 0 | (6,670) | 0 | (0) | (6,670) |
| | Aistriú de shócmhainní NML ó EI (Nóta 1) | 1,343,995 | 2,039 | | 11,000 | 1,357,034 |
| | Coigeartú Tiontaithe | (1,277) | (2,904) | | | (4,181) |
| | | 3,028,768 | 1,807,390 | 654,033 | 239,859 | 5,730,050 |
| | **GLANLUACH LEABHAR** | | | | | |
| | Amhail 1 Éanair 2009 | 1,241,257 | 499,698 | 2,299,072 | 109,468 | 4,149,495 |
| | Glan ghluaiseacht don bhliain | (183,335) | (22,379) | (57,904) | (34,099) | (297,717) |
| | Aistriú de shócmhainní NML ó EI (Nóta 1) | 24,905 | 3,609 | 0 | 0 | 28,514 |
| | Coigeartú Tiontaithe | (333) | (224) | | | (557) |
| | Amhail 31 Nollaig 2009 | 1,082,494 | 480,704 | 2,241,168 | 75,369 | 3,879,735 |

| | | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|---|
| 7 | **Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí** | | |
| | Féichiúnaithe | **2,944,039** | 3,122,181 |
| | Trádálaloncam Fabhraithe | **381,716** | 530,277 |
| | Réamhíocaíochtaí | **329,836** | 328,760 |
| | | **3,655,591** | 3,981,218 |
| 8 | **Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| | Creidiúnaithe Trádála | **318,538** | 853,226 |
| | Creidiúnaithe Eile agus Fabhrúloncam | **988,708** | 1,345,413 |
| | IarchurthaCáin | **734,268** | 369,803 |
| | Árachas Sóisialta agus CBL | **403,909** | 120,983 |
| | | **2,445,423** | 2,689,425 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

| | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|

## 9 Gealltanais faoi na Léasanna Oibríochtúla

Bhí na híocaíochtaí déanta faoi Léasanna Oibríochtúla ar Fhoirgnimh muirearaithe snaráitis airgeadais den mhéid €953,299 (2008: €718,567). Tá íocaíochtaí faoi Léasanna Oibríochtúla ar Fhoirgnimh den mhéid €947,640 dlite le déanamh i 2009. Tá siadsan i leith léasanna a dtéann as feidhm mar seo a leanas:

| Dul i néag an Léasa | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **0** | 0 |
| Bliain amháin go cúig bliana | **40,690** | 40,284 |
| Tar éis cúig bliana | **906,950** | 906,950 |
| | **947,640** | 947,234 |

## 10 Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó cháin ar a ioncam.

## 11 Costais Phinsin

**(a) Anailís ar chostais phinsin iomlána muirearaithe do Chaiteachas**

| | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | **1,900,000** | 1,750,000 |
| Ús ar dhliteanais scéime phinsin | **1,400,000** | 1,250,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | **(711,290)** | (699,394) |
| | **2,588,710** | 2,300,606 |

**(b) Gluaiseacht i nGlan-dliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais**

| | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|
| Glan-dliteanas pinsin ag 1 Éanair | **25,400,000** | 22,800,000 |
| Costas seirbhíse reatha | **1,900,000** | 1,750,000 |
| Costais úis | **1,400,000** | 1,250,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | **1,529,000** | (346,000) |
| Pinsin íoctha sa bhliain | **(229,000)** | (54,000) |
| Glandliteanas pinsin ag 31 Nollaig | **30,000,000** | 25,400,000 |

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2009

| | 2009 (€) | 2008 (€) |
|---|---|---|

**Nóta (11) ar lean**

**(c) Maoiniú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn an NSAI na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis andliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn tacair fhoshuíomhannaagus roinnt eachtraí a tharla cheana féin. San áireamh sna heachtraí seo bhí an bonnreachtúil do bhunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhmfaoi láthair maidir le pinsin na seirbhísí poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaíag fostaithe agus an próiseas meastacháin bliantúil. Níl aon fhianaise ag an NSAI nach leanfaidh an beartas luaite thuas ag sroicheadh a leithéid de mhéideanna i gcomhréir le cleachtas reatha.

Is é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin aitheanta sna Cuntais Ioncaim agus Chaiteachais:

| | | |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe i leith chostais phinsin na bliana reatha | **3,300,000** | 3,000,000 |
| Deontas ón Stát curtha i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc | **(229,000)** | (54,000) |
| | **3,071,000** | 2,946,000 |

Bhí an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar an 31 Nollaig 2009 den mhéid €30.0 milliún (2008: €25.4 milliún).

**Stair de dhualgais sochair sainithe**

| | **2009** | 2008 | 2007 | 2006 |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais sochair sainithe | **€30,000,000** | €25,400,000 | €22,800,000 | €20,200,000 |
| Taithí (gnóthachain/caillteanais ar dliteanais scéime) | | | | |
| Méid | **(€1,900,000)** | (€346,000) | (€142,000) | €85,000 |
| Céatadán de dhliteanais scéime | **(6%)** | (1%) | (1%) | (0.4%) |

Tá an caillteanas achtúireach carnach aitheanta san Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán de mhéid €1,113,000.

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

**Nóta (11) ar lean**

**(e) Cur Síos Ginearálta den Scéim**

Is socrú pinsin tuarastail deiridh sochair sainithe é an scéim phinsin, le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin scéime 'samhail' reatha an earnáilphoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódaí in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nócnapshuim (trí ochtódaí in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do cheillí agus leanaí. An gnáth-aois chun dul ar scor ná breithlá 65ú de chuid bhaill, agus tá baill ó am roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. De ghnáth méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchur) i gcomhréir le boilsciú tuarastail na hearnála poiblí ginearálta.

Bhí an luacháil úsáidte do nochtaí FRS17 (Athbhreitnithe) bunaithe ar luachail ach túireach iomlán le dáta ón 3ú Márta ag achtúire neamhspleách cáilithe ag tógáil cuntais deriachtanais an FRS chun go ndéanfar measúnú ar dhliteanais na scéime ar 31 Nollaig 2009.

Ba iad seo a leanas na foshuíomhanna achtúireacha príomhúla.

| | 2009 | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Ráta de mhéadú i dtuarastail | **4%** | **4%** | 4% |
| Ráta de mhéadú i bpinsin in íocaíocht | **4%** | **4%** | 4% |
| Ráta lascaine | **5.5%** | **5.5%** | 5.5% |
| Ráta boilscithe | **2%** | **2%** | 2% |

**(f) Básmhaireacht**

Meán ionchas saoil de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáideadh chun dliteanais pinsin a chinneadh.

| | 2009 | 2008 | 2007 |
|---|---|---|---|
| Fear 65 bliain d'aois | **22** | **18** | 18 |
| Bean 65 bliain d'aois | **25** | **22** | 22 |

**12 NSAI Inc.**

Bunaíodh NSAI Inc. i New Hampshire, USA ar 1 Iúil 1997 mar chomhlacht seach bhrabúsach faoi úinéireacht iomlán ag NSAI do chuspóir dáileadh agus scaipeadh eolais ar chaighdeáinÉireannacha agus AE reatha agus beartaithe, soláthar athbhreithnithe teicniúla agus measúnú ar tháirgí, próisis agus cleachtais agus deimhniú d'oiriúnú le Caighdeain AE, Éireannacha agus Idirnáisiúnta. Cuireadh iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. san áireamh snaráitis airgeadais seo. San áireamh sa Bharrachas Oibríochtúil Comhdhlúite don bhliain tábarrachas d'oibríochtaí NSAI Inc. de €172,670.

# NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (Ar Lean)

Don Bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009

### 13 Comhaltaí an Bhoird – Nochtadh na nIdirbheart

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh an NSAI dul isteach i socruithe conartha le gealltanais ina bhfuil Comhaltaí an Bhoird NSAI fostaithe nó ina bhfuil leas eile acu iontu. Ghlac an NSAI nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ó Chomhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta san NSAI le linn na bliana.

### 14 Táillí stiúrthóirí agus tuarastal an POF

**(a) Táillí stiúrthóirí a íocadh in 2009**

| | (€) | |
|---|---|---|
| A. Riordan | 13,034 | Cathaoirleach |
| N. Fitzsimons | 8,068 | Fuair bás Nollaig 2009 |
| D.Gargan | 8,379 | |
| An Dr S.J. McCarthy | 2,659 | Ar scor 14 Aibreán 2009 |
| J. Murnane O'Connor | 8,379 | |
| M. O'Leary | 8,379 | |
| K. Ryan | 5,712 | Ceaptha 15 Aibreán 2009 |
| E Stack | 8,379 | |
| E. Wade | 8,379 | |
| M.I. Walsh | 8,379 | |
| M. Buckley | 0 | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| H. Curley | 0 | Ionadaí ón Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta |
| B. Cunningham | 2,659 | Ionadaí Foirne – Ar scor 14 Aibreán 2009 |
| R. Hadfield | 0 | Ionadaí Foirne – Ceaptha 15 Aibreán 2009 |
| R. Hadfield | 2,659 | Ionadaí Foirne – Athcheaptha 15 Aibreán 2009 |

**(b) Speansais na Stiúrthóirí**

B'ionann speansais iomlán na stiúrthóirí do 2009 agus €12,389.

**(c) Tuarastal an POF**

B'ionann tuarastal bunúsach bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh in 2009 agus €158,371. B'ionann íocaíochtaí iarbhír don Phríomhfheidhmeannach faoi na scéimeanna feidhmíochta gaolmhara in 2009 agus €0. B'ionann costas foriomlán an phacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear soláthar aoisliúntais, carr cuideachta agus aon bhuntáiste eile) do 2009 agus €173,309. Tá an Príomh fheidhmeannach ina chomhalta den scéim aoisliúntais foirne NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánach den scéim mhúnla don earnáil phoiblí.

### 15 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 29 Meitheamh 2010.

# AGUISÍN 1:
# BALLRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

**Seirbhís Mhéadreolaíochta Dlíthiúil an NSAI**

WELMEC, An Comhoibriú Eorpach i Méadreolaíocht Dhlíthiúil

OI ML, Eagraíocht Idirnáisiúnta de Mhéadreolaíocht Dhlíthiúil

BIPM, Bureau International des Poids et Mesures

**Saotharlann Mhéadreolaíochta Náisiúnta an NSAI**

EURAMET, Cumann Eorpach na n-Institiúidí Méadreolaíochta Náisiúnta

**NSAI Agrément**

EOTA, Eagraíocht na hEorpa d'Fhaomhadh Teicniúil

UEAtc, Institiúidí do Thógáil Agrément an Aontais Eorpaigh

**Caighdeáin NSAI**

CEN, Coiste na hEorpa do Chaighdeánú

ISO, Eagraíocht Idirnáisiúta na gCaighdeán

Urraitheoir den ball Éireannach de CENELEC,
Coiste na hEorpa do Chaighdeánú Leictritheicniúil

Urraitheoir de bhall Éireannach den IEC,
An Coimisiún Leictritheicniúil Idirnáisiúnta

**Deimhniú NSAI**

IQNet, An Líonra Deimhnithe Idirnáisiúnta

**ARDOIFIG:**

1 Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantrabh,
Baile Átha Cliath 9, Éire

T +353 1 807 3800
F +353 1 807 3838
E info@nsai.ie

NSAI.ie

Arna dearadh ag **designworks**